

PLEAN FORBARTHA OILEÁN ÁRAINN MHÓIR 2008-2013

Ullmhaithe do
Chomharchumann Oileán Árainn Mhóir Teo
Meitheamh 2008



EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS



canavan associates

Consultant Chartered Town Planners and Development Consultants
23 Prince's Street, Derry, N. Ireland, BT48 7EY
Phone from ROI: (048) 7137 1700
Fax from ROI: (048) 7137 2187
info@canavanassociates.com
www.canavanassociates.com

BUÍOCHAS

D'ullmhaigh Canavan Associates Teo. an Plean Forbartha seo d'Árainn Mhór le cuidiú ó Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh, Bainisteoir, Comharchumann Oileán Árainn Mhóir, ó eagraíochtaí pobail agus deonacha Árainn Mhóir, ó chónaitheoirí an oileáin agus ó ghníomhaíochtaí stáit agus forbartha réigiúnacha.

Chuir Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil don Phlean Forbartha. Chuir Comhdháil Oileán na hÉireann an maoiniú ar fáil don Suirbhé Socheacnamaíoch a foilsíodh cheana, agus a chuir eolas ar fáil don Phlean seo.

Léiríonn an Plean Forbartha seo riachtanais agus uailmhian na n-oileánach. Má tá rud ar bith in easnamh, nó má tá gá le hathruithe, nó fiú mura n-aontaíonn tú le rudaí, ba mhaith leis an Chomharchumann cloisteáil uait. Dean teagmháil leis an Chomharchumann ag:

Comharchumann Oileán Árainn Mhóir
Na Clocha Corra, Oileán Árainn Mhóir, Co. Dhún na nGall
Teil. 00 353 (0)74 9520533 / 9520995
Facs 00353 (0)74 9520533
Ephost comharchumann@oileanarainmhoir.com
Gréasán <http://www.oileanarainmhoir.com>

CLÁR

RÉAMHRÁ.....	1
PRÓIFÍL AN OILEÁIN AGUS AN PHOBAIL.....	3
CAIDÉ ATÁ BAINTE AMACH	11
FÍS DON TODHCHAÍ	18
TÉAMA 1: AN GHAEILGE AGUS CULTÚR GAELACH	22
TÉAMA 2: FORBAIRT POBAIL AGUS ÁISEANNA	25
TÉAMA 3: FOSTAÍOCHT	27
TÉAMA 4: INBHUAINE AGUS FUINNEAMH INATHNUAITE.....	30
TÉAMA 5: TURASÓIREACHT.....	32
TÉAMA 6: FEIRMEOIREACHT AGUS IASCAIREACHT	36
TÉAMA 7: ROCHTAIN & CUMARSÁID	39
TÉAMA 8: DRAMHAÍL.....	41
TÉAMA 9: TITHIOCHT.....	44
AG CUR AN PHLEAN I BHFEIDHM	46

LIOSTA TÁBLAÍ

Tábla 1. Staitisticí Leasa Shóisialaigh.....	6
Tábla 2. Figiúirí Daonra 1841 – 2006: Árainn Mhór, 28 Oileán eile ar a bhfuil cónaí, Co Dhún na nGall agus Éire	7
Tábla 3. Achoimre táscairí shocheacnamaíochta	9
Tábla 4. Dul chun cinn ón Phlean Forbartha 1993.....	15
Tábla 5. Achoimre ar na láidreachtaí, na laigí, na deiseanna agus na bagairtí	20
Tábla 6. Rangú Áiseanna Sóisialta do Gach Aoisghrúpa	25
Tábla 7. Príomh shlí bheatha	27
Tábla 8. Áit oibre nó Staidéir	27
Tábla 9. Earnáil inmhianaithe acu siúd ag cuardach oibre	28
Tábla 10. Achoimre ar Thograí do Phlean Fobartha Oileán Árainn Mhóir.....	47

LIOSTA FIGIÚIRÍ

Figíur 1. Próiseas an Phlean	2
Figíur 2. Próifíl Déimeagrafach Oileáin Árainn Mhóir, 2006	4
Figíur 3. Figiúirí Daonra 1841 – 2006: Árainn Mhór, 28 Oileán eile ar a bhfuil cónaí, Co Dhún na nGall agus Éire	8

LIOSTA LÉARSCÁILEANNA

Léarscáil 1	Léarscáil Suímh
Léarscáil 2	Radharc ón aer agus Áiteanna In-Spéise
Léarscáil 3	Limistéar Caomhnaithe Comhshaoil
Léarscáil 4	Léarscáil Bailte Fearainn
Léarscáil 5	Léarscáil Suirbhé Teaghlach

GIORRÚCHÁIN

CnO	Comhdháil Oileán na hÉireann
COAMT	Comharchumann Oileán Árainn Mhóir Teo
DCRGA	Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs
DCC	Donegal County Council
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
FI	Fáilte Ireland
NDP	National Development Plan
RnG	Roinn na Gaeltachta
SEI	Sustainable Energy Ireland
UnG	Údarás na Gaeltachta
VEC	Vocational Education Committee

AGUISÍNÍ

A1 LIOSTA COMHAIRLIÚCHÁIN

A2 FOINSÍ EOLAIS SAINIÚLA

RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an Plean seo thar cheann Chomharchumann Oileáin Árainn Mhóir mar ionadaithe ar mhuintir Árainn Mhóir. Is é cuspóir an Phlean forbairt barrmhaitheasa a aithint d'Oileán Árainn Mhóir do na cúig bliana amach romhainn, agus comhairle a thabhairt i dtús ama maidir leis an chur i bhfeidhm. In ullmhú an Phlean seo, tugadh san áireamh gach beart féideartha forbartha, an tairbhe is mó a bhaint as acmhainní pobail agus fisiciúla an oileáin, iniúchadh gníomhaíochtaí faoi láthair, anailís ar dheacrachtaí agus ar mhórchesteanna, agus ullmhú aidhmeanna forbartha aontaithe.

Chuir Údarás na Gaeltachta an maoiniú ar fáil don obair seo, agus maoiniú don staidéar comhchémneach socheacnamaíoch curtha ar fáil ag Comhdháil Oileán na hÉireann.

Ullmhaíodh an Plean le linn na mblianta 2006 agus 2007, agus bhí comhairliú iomlán i gcónaí leis an Chomharchumann, le muintir an oileáin, teagmháil leis na heagraíochtaí poiblí cuí agus leis na heagraíochtaí agus grúpaí pobail agus deonacha ábhartha agus le daoine aonair. Tá ionchur an phobail agus comhairliú leis an phobal mar chuid lárnach sa phlean forbartha seo. Le treoir ón Chomharchumann, bhí comhairliú leis an phobal tríd suirbhé ó theach go teach, tríd na grúpaí pobail, teagmhálacha meáin cumarsáide agus ráitis áitiúla nuair a bhí eolas a chur le chéile.

Rinneadh suirbhé teaghlach agus eacnamaíoch i rith Lúnasa agus Mheán Fómhair 2006, mar chuid den Phlean, agus foilsíodh é sin leis féin. Thug an suirbhé sin eolas mionsonraithe maidir le hacmhainní féidearthacha, déimeagrafaíocht, ioncaim, fostaíocht, agus caighdeán maireachtála; agus fuarthas léargas ar mheon agus ar thuairimí na n-oileánach. As na torthaí sin, aithníonn an Plean na príomh fhadhbanna sa cheantar, na deiseanna féideartha forbartha, agus déantar meastúchán ar na mórchesteanna atá le tabhairt fúthu ar an oileán.

Mura ndéanfar gníomhaíocht dearfach comhordaithe ar gach leibhéal, beidh todhchaí Árainn Mhór mar a bhí san am atá thart. Tá an daonra ag titim, tá an ráta dífhostaíochta ard, tá coimhneas spleáchas aoise ard agus tá daoine ag brath go mór ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus ar chineálacha eile tacaíochta stáit. Tugann an Plean Forbartha seo treoir do phobal an oileáin leis na treochtaí diúltacha sin a choinneáil cothrom nó iad a iompú ar ais, ag aithint go bhfuil obair mhór le déanamh.

Tá an Plean leagtha amach sa phríomh dhoiciméad seo, ina bhfuil léarscáileanna ag taispeáint suíomh, áiteacha suimiúla, bailte fearainn, radharc ón aer, tithe aitheanta, ainmniú timpeallachta chomh maith le grianghraif, doiciméad Achoimre Feidhmeannachta, agus an Suirbhé Teaghlach agus Socheacnamaíoch.

Ar leanúint anseo, tá léargas ar phróifíl an oileáin, achoimre ar phróifíl an phobail, athbhreithniú ar caidé atá bainte amach go dtí seo, fís don todhchaí agus naoi gcinn de théamaí forbartha le haidhmeanna agus gníomhaíochtaí. Tá eolas níos mionsonraithe faoin oileán le fáil faoi na téamaí forbartha ábhartha agus i míreanna eile fóirsteanacha. Tá aidhmeanna agus gníomhaíochtaí le fáil i dtáblaí ag deireadh na tuarascála.

Figúr 1. Próiseas an Phlean



PRÓIFÍL AN OILEÁIN AGUS AN PHOBAIL**Léargas ar an Oileán**

Achar Iomlán Talaimh:	18.1 km. cr. An dara hoileán is mó in Éirinn
Cósta:	28km/17 míle
Pointe is airde:	Cnoc an Iolair (227méadar os cionn leibhéal farraige)
Fad ó thír mór:	5 km
Rochtain:	Turas 30 bomaite le bád farantóireachta carr/paisinéirí nó turas 5 bomaite le bád farantóireachta gasta, paisinéirí amháin, ó Ailt an Chorraín, Co. Dhún na nGall
Daonra:	522 in 2006, síos 12.2% ó 1991
Teanga:	Gaeilge & Béarla
Bailte Fearainn:	An Leadhb Gharbh Poll a' Mhadaigh Scaraig a' tSeabhaic Na Goirt Ghearra Na Clocha Corra Fál an Ghabhann Baile an tSratha Baile Ard Uileann Plochóg Leadhb Reannagh Athphort Na Tuarthaí

Próifíl an Phobail

Sa chuid seo, tá próifíl phobail an oileáin, ag úsáid staitisticí oifigiúla ón Daonáireamh agus ó fhoinsí eile. Mar atá ráite, tá todhchaí an oileáin ag brath go mór ar dhaonra buan a choinneáil ina gcónaí ar an oileán. Níos tábhachtaí ná sin do mharthanacht an oileáin, tá gá le daonra óg fuinniúil a choinneáil ansin. Mar atá le feiceáil i

staitisticí an Daonáirimh, ní mar sin a tharla ón am ar ullmhaíodh an plean deireanach sa bhliain 1993.


Próifíl an Daonra

Tá líon níos lú daoine óga agus líon níos mó daoine sna grúpaí níos aosta i ndaonra Árainn Mhór, mar a léirítear san Fhigiúr thíos. Táispeánann an fhiigiúr sin an staid ina bhfuil an t-oileán. Go simplí, tá daonra an oileáin ag dul in éag.

I bpróifíl folláin déimeagrafach bheadh líon níos mó daoine óga ná daoine aosta, a mhalairt den fhiigiúr thíos as Árainn Mhór. Tá an briseadh síos ó thaobh inscne cothrom go leor do gach aoisghrúpa, ach tá a chúig oiread daoine thar 65 bliain d’aois is atá de linbh.

Ar Oileán Árainn Mhóir, is cosúil go n-imíonn na daoine óga idir 15-19 chomh luath agus is féidir leo, ar thóir oideachais níos fearr agus deiseanna fostaíochta. Cé go bhfuil líon maith páistí in aois bunscoile (5-14), meastar go mbeidh sé le feiceáil ón chéad dhaonáireamh eile go mbeidh siadsan imithe fosta ón oileán.

Figiúr 2. Próifíl Déimeagrafach Oileáin Árainn Mhóir, 2006



Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh, staitisticí daonra ceantair bheaga, 2006

Spleáchas Aoise

Gné atá mar chúis imní níos mó ná go bhfuil an céatadán den daonra atá in aois spleáchais ag méadú, cé go bhfuil an daonra iomlán ar an oileán ag ísliú. Den daonra iomlán faoi 15 agus os cionn 65 bliain, agus mar sin ag brath ar na daoine atá ag obair, bhí céatadán de 43% sa bhliain 1996 agus arís sa bhliain 2002, ach méadaithe go 44.6% i ndaonáireamh na bliana 2006. Tá sé sin i gcomparáid le 35.2% do chontae Dhún na nGall (an ráta contae is airde sa tír) agus 31.4% don Stát sa bhliain chéanna.

Oideachas

Tá leibhéal an oideachais atá bainte amach ar oileán Árainn Mhóir íseal, le 57.3% de na hoileánaigh le hoideachas bunscoile amháin. Tá sé seo dochreidte, nuair a cuirtear é i gcomparáid le Contae Dhún na nGall le 29.8% agus go náisiúnta le 18.9% , sa bhliain 2006, le hoideachas bunscoile amháin

Rangú Sóisialta

Bíonn comhdhéanamh rangú sóisialta (an céatadán de dhaoine gairmiúla agus oibríthe láimhe oilte agus leathoilte) ar aon luí leis an leibhéal oideachais a bhíonn bainte amach ag an phobal. Arís, tá scór íseal ag Árainn Mhór i gcomparáid leis an Chontae agus go náisiúnta maidir le comhdhéanamh rangú sóisialta, agus i ndáiríre, is ann atá an leibhéal is ísle comhdhéanamh rangú sa chontae. Bhí 13% oibríthe gairmiúla agus 52.2% oibríthe láimhe oilte agus leathoilte ar an oileán, i gcomparáid le 32.9% agus 18.9% go náisiúnta, agus 27.5% agus 23.5% i gContae Dhún na nGall.

Dífhostaíocht

Arís, tá an ráta is airde i nDún na nGall ag Oileán Árainn Mhóir, le 56.4% de na fir dífhostaithe agus 26.2% de na mná. Go náisiúnta, tá rátaí 8.8% fir agus 8.1% mná, agus 14.4% fir agus 10.8% mná i gContae Dhún na nGall.

Coibhneas Anáis

Tá an tuarascáil ar Anás i bPoblacht na hÉireann foilsithe le deireanaí ag Trutz Haase, Comhairleoirí Sóisialta agus Eacnamaíoch, bunaithe ar dhaonáireamh na bliana 2006, ag tabhairt anailís suas chun dáta ar na hathruithe anáis i ngach ceantar áitiúil le 15 bliain anuas. Tá an innéacs anáis oibríthe amach tríd anailís ar thrí thomhas flúirseachta/míbhuntáiste: Próifíl Déimeagrafach, comhdhéanamh Rangú Sóisialta, agus Staid an Mhargadh Saothair. Tugann Tuarascáil Trutz Haase luachanna dearbhinnéacs (scála amháin seasta) agus innéacs coibhneasta (ag tomhas staid choibhneasta gach ceantar ag pointe sainiúil ama) do gach Toghcheantar. Tá tagairt anseo do luach innéacs coibhneasta do Chontae Dhún na nGall agus do Árainn Mhór.

Níl mórán athraithe ar an luach foriomlán náisiúnta den innéacs coibhneasta ón bhliain 1991, ag titim ó 2.3 go 2.1 sa bhliain 2006. I nDún na nGall fosta níl mórán athruithe ó -10.9 sa bhliain 1991 go -10 sa bhliain 2006

De réir an Innéacs sin tá Dún na nGall rangaithe mar “Faoi Mhíbhuntáiste”. I ndáiríre, tá an rangú is airde sa tír ag Dún na nGall de réir rangú leis na luachanna sin agus níl aon athrú ar an rangú sin ón bhliain 1991.

Mar bharr ar an donas, tá cuid de na ceantracha tuaithe is mó atá faoi mhíbhuntáiste i nDún na nGall. Tá oileán Árainn Mhóir ar cheann de na Toghcheantair is mó faoi mhíbhuntáiste in Éirinn. **Lena chois sin tá an tOileán ar an t-aon toghcheantar atá rangaithe mar “ faoi fíor-mhíbhuntáiste” i gContae Dhún na nGall go hiomlán le scór anáis choibhneasta de -58.3 sa bhliain 2006.**

Spleáchas ar Liúntaisí Leasa Shóisialaigh

Tá na staitisticí sin ón Daonáireamh deimhnithe ag an líon daoine atá ag brath ar liúntaisí Leasa Shóisialaigh. In iomlán, tá 284 duine, nó 54% de dhaonra an oileáin ag brath ar chineál éigin de liúntas Leasa Shóisialaigh i mí na Nollag 2006. Bhí an chuid is mó díobh sin ag fáil pinsin seanaoise neamh-ranníocaí nó an liúntas dífhostaíochta. Tá mionsonraithe le feiceáil sa tábla thíos.

Tábla 1. Staitisticí Leasa Shóisialaigh

Scéim	Líon faighteoírí
Pinsean Ranníocach Seanaoise	8
Pinsean Neamhranníocach Seanaoise	92
Pinsean Scoir	16
Pinsean Ranníocach na mBaintreach	9
Pinsean Neamhranníocach Baintrí	5
Pinsean Easláinte	5
Liúntas Céile Tréigthe	*
Tuismitheoirí Aonair (neamhphósta)	*
Sochar dhíobhála ceirde	*
Breosla saor in aisce	6
Tuismitheoirí Aonair (scartha)	*
Liúntas Cúramóra	10
Pinsean Dail	*
Liúntas Míchumais	25
Íocaíocht do Theaghlaigh Aontuismitheora	*
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	80
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta	7
Ranníocaíochtaí chreidiúnaithe do Lucht Chuardaigh Fostaíochta	8
Iomlán	284

* Líon na bhfaighteoírí níos lú na 5. Ar mhaithe le rúndacht, níl na sonraí tugtha anseo.

Treochtaí daonra


Tá 18% de dhaonra oileán na hÉireann ar a bhfuil cónaí, ina gcónaí ar Árainn Mhór, agus is é an dara hoileán is mó daonra sa tír. Taispeánann an tábla thíos go raibh méadú beag ar dhaonra iomlán Árainn Mhór agus na 28 oileán eile sna blianta idir 1991 go 1996 agus ansin ag laghdú de réir a chéile, i gcomparáid le Contae Dhún na nGall agus sa tír ina hiomlán ina raibh ardú maith sa tréimhse chéanna.

Tábla 2.Figiúirí Daonra 1841 – 2006: Árainn Mhór, 28 Oileán eile ar a bhfuil cónaí, Co Dhún na nGall agus Éire

Bliain	Árainn Mhór	28 Oileán eile le cónaí	Co Dhún na nGall	Éire
1841	1431	14504	296448	6528800
1851	1166	11153	255158	5111600
1861	1223	10265	237395	4402100
1871	1174	8645	218334	4053200
1881	1163	9518	206035	3870000
1891	1103	8911	185635	3468700
1901	1308	8589	173722	3221800
1911	1533	8120	168537	3139700
1926	1390	6968	152208	2972000
1936	1414	6286	142310	2968400
1946	1344	5396	136317	2955100
1951	1249	4690	131530	2960600
1956	1131	4372	122059	2898300
1961	948	4004	113842	2818300
1966	847	3662	108549	2884000
1971	773	3441	108344	2978200
1979	825	2934	121941	3638200
1981	803	2820	125112	3443400
1986	735	2590	129664	3540600
1991	596	2490	128117	3525700
1996	602	2552	129994	3626100
2002	543	2430	137575	3917200
2006	522	2348	147264	4239800

Taispeánann an ghraf i bhFigiúr 2 thíos athruithe sa daonra ón bhliain 1841 go dtí an lá inniu ar Árainn Mhór agus ar an 8 oileán eile is mó sa tír (i.e. iad sin le daonra de 500 nó níos mó sa bhliain 1841, agus ina measc tá oileán Bhéara, oileán Chléire, Inis Arcáin agus Oileán Faoide i gCo Chorcaigh, Inis Bó Finne agus Inis Mór i gCo na Gaillimhe, agus Inis Turc agus Oileán Chliara i gCo Mhaigh Eo.

Figiúr 3. Figiúirí Daonra 1841 – 2006: Árainn Mhór, 28 Oileán eile ar a bhfuil cónaí, Co Dhún na nGall agus Éire



Seo graf eile simplí a léiríonn go leor faoi stáid Árainn Mhór san am a chuaigh thart, faoi láthair agus amach anseo sa todhchaí.

Bhí daonra Árainn Mhór ar an ceathrú daonra is airde ar na 9 oileáin mhóra seo sa bhliain 1841. Mar atá le feiceáil, tháinig titim ar an daonra i ngach oileán thar na tréimhse sin. Ar na hoileáin uilig ach amháin ar oileán Árainn Mhór, bhí laghdú cothrom de réir a chéile ó lár na seascaidí go dtí go dtáinig seasmhacht ar an daonra le blianta beaga anuas.

Ar oileán Árainn Mhór, bhí na hathruithe ar an daonra níos feiceálaí agus titim rialta ag teacht ar an líon daoine. Tháinig méadú maith ag deireadh na seachtóidí agus tús na n-ochtóidí, ach tháinig titim arís le tamall anuas.

Mar atá le feiceáil sa ghráf, tá an dara daonra is airde in Árainn Mhór, ag teacht i ndiaidh Inis Mór, ón bhliain 1961.

Achoimre Staitisticí Shocheacnamaíochta agus Dhaonra Árainn Mhóir

Seo thíos achoimre ar na staitisticí pléite thuas.

Tábla 3. Achoimre táscairí shocheacnamaíochta

Táscaire	Árainn Mhór	Co Dhún na nGall	An Stát
Coibhneas Spleáchas Aoise	44.6%	35.2%	31.4%
Leibhéal Oideachais Bainte Amach – Bunscoil amháin	57.3%	29.8%	18.9%
Comhdhéanamh Rangú Sóisialta- Gairmiúil	13.0%	27.5%	32.9%
Comhdhéanamh rangú Sóisialta-neamhoilte agus leathoilte	52.2%	23.5%	18.9%
Dífhostaíocht - Fir	56.4%	14.4%	8.8%
Dífhostaíocht - Mná	26.2%	10.8%	8.1%
Anás Coibhneasta	-58.3	-10.9	2.1
Ráta athraithe daonra 1991 - 2006	-12.4%	+14.9%	+20.3%

Tionchar na himirce ar an oileán

In a thuarascáil ar Thomhasanna úra ar Anás i i bPoblacht na hÉireann i 2006, deir Trutz Haase:

“Emigration is socially selective, being concentrated amongst core working-age cohorts and those with further education, leaving the communities concerned with a disproportionate concentration of economically-dependant individuals as well as those with lower levels of education. Sustained emigration leads to an erosion of the local labour force, a decreased attractiveness for commercial and industrial investment, and, ultimately, a decline in the availability of services.”

Is iad laghdú ar dhaonra agus próifíl aoise ag titim na príomh chúiseanna le tréigean na n-oileán. De réir mar a thiteann an daonra, éiríonn sé níos deacra ag na seirbhísí trádála agus sóisialta a bheith ag trádáil go heacnamaíoch; druideann na siopaí agus na pubanna agus gearrtar siar ar sheirbhísí nó aistrítear iad isteach go tír mór. Mar thoradh ar sin, tagann méadú ar an eisimirce agus titeann sprid an phobail. Téann an eisimirce agus bánú lámh ar lámh.

Seo an scéal go díreach ar Árainn Mhór inniu. Is é príomhchuspóir an Phlean seo an titim sa daonra a chothromú, murar féidir é a iompú siar sa phobal seo

An Suíomh Geografach

Is cinnte go bhfuil méid, suíomh geografach agus rochtain ag cur le stádas Árainn Mhór mar an dara hoileán is mó in Éirinn maidir le daonra.

Is é Árainn Mhór an dara hoileán is mó achair in Éirinn, sa dara háit i ndiaidh Inis Mór. Níl Árainn Mhór ach 5 km ón tír mór. Tá dhá bhád farantóireachta ag freastal ar an oileán. Gnáthbhád farantóireachta ceann acu, le spás do 128 paisinéir agus feithiclí de gach méid. Glacann an turas 15-20 bomaite. Is bád farantóireachta gasta an dara ceann, atá do phaisinéirí amháin, seirbhís a thosaigh sa bhliain 2007. Ní

ghlacann an turas ach 5 bhomaite. Ritheann an dá sheirbhís go laethúil i rith na bliana.

Leis an rogha atá ag na hoileánaigh agus ag cuairteoirí anois le seirbhís farantóireachta agus clár ama níos fearr, thig le daoine taisteal go laethúil chuig agus as an oileán. Ba cheart go ndéanfadh se in an t-oileán níos tarraingtí mar áit le cónaí agus le cuairt a thabhairt, agus b'fhéidir go gcuideodh sin leis an titim sa daonra a iompú siar amach anseo. Ach tá costas le rochtain agus is é an costas breise sin a chruthaíonn dúshlán do thionscnaimh ar an oileán.

CAIDÉ ATÁ BAINTE AMACH

Comharchumann Oileán Árainn Mhóir Teo (COAMT)

Bunaíodh Comharchumann Oileán Árainn Mhóir Teo (COAMT) sa bhliain 1976 agus tá sé mar an príomh eagraíocht ionadaíoch ar an phobal maidir le forbairt agus gnóthaí pobail. Is forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an oileáin cuspóirí an Chomharchumainn. Tá an Comharchumann reáchtáilte go daonlathach, ar an phrionsabal ‘duine amháin, vóta amháin’ agus is leis na baill/scarshealbhóirí é, agus tá sé cláraithe leis an Chumann Tionscail agus Coigiltis mar Chomharchumann. Faoi láthair tá 210 líon tí a bhfuil scaireanna acu sa Chomharchumann.

Tugtar faoi fhorbairtí turasóireachta, gairneoireachta, iascaireachta, seirbhísí agus ceardaíochta chun sochar don phobal uilig. Déanann an Comharchumann ceangal leis na húdaráis chuí agus is féidir a theacht ar ghníomhaireachtaí agus ar mhaoiniú go díreach. Tá maoiniú a fháil ó Údarás na Gaeltachta. Tá tuairim is ochtar fostaithe go lánaimseartha ag an Chomharchumann, fostaithe ar fho-chonarthaí agus bainisteoir le freagracht as forbairt chomh maith le bainistíocht. Cuireann an Comharchumann seirbhísí soláthar tógála agus seachadadh breosla ar fáil agus fosta feabhsú bóthair tríd fo-chonarthaí do Chomhairle Contae Dhún na nGall. Faoi láthair fosta, tá áiseanna athchúrsála do Chomhairle Contae Dhún na nGall curtha ar fáil ar bunús sealadach ag an ionad.

Cuid de na mórtograí ar thug an Comharchumann fúthu:

- Conraitheoirí don Ionad Sláinte Cúraim Lae
- Glacadh leis agus reáchtáil na seirbhíse farantóireachta 1983-1986
- Tógáil sráidbhaile saoire 8 dteach
- Stocaireacht agus tógáil tithe don Chomhairle Contae; 8 teach teaghlaigh agus 4 cinn d'aosaigh
- Áiseanna iascaireachta m.sh. céanna agus sleamhnáin
- Cúrsa ‘Galf Dhá Mhaide’
- Tógáil Ionaid Oidhreachta/Cultúrtha
- Aimsiú deontais chun forbairt ar fhás sliogáin dhubha
- Spreagadh an Phlean Forbartha a bhí ann roimhe seo
- Soláthar foirgnimh le hábhair tógála a chur ar fáil
- Taisce innealra

Tá COAMT ionadaíoch thar ceann phobal an oileáin. Tá seirbhísí fo-chonarthaí agus tógála curtha ar fáil. Le háitreabh agus foireann lánaimseartha, tá cumas cruthaithe ag an Chomharchumann i gcur chun cinn forbraíochta ar bhun leathan i mórán gnéithe agus le taithí fhada ag obair le mórán gníomhaireachtaí agus ag fáil tacaíochta uathu ag cur tograí i bhfeidhm.

Tá eagraíocht eile ar an oileán, Comharchumann Forbartha agus Fostaíochta Árainn Mhóir (CFF), gníomhach i bhforbairt áitiúil. Bhí sé sin maoinithe tríd scéimeanna fostaíochta sóisialta, agus cé nach bhfuil aon fhoireann fostaíthe faoi láthair, tá maoiniú bresie d'fhoireann ceadaíthe.

Dul chun cinn ón Phlean Forbartha 1993

Seoladh Plean Forbartha don Oileán 15 bliain ó shin, sa bhliain 1993. Ón am sin i leith, tá go leor de na tograí agus gníomhaíochtaí a bhí molta bainte amach.

Tá bonneagar sóisialta, rochtana agus fisiciúil níos fearr ar an oileán anois. Thug an feabhas ar an eacnamaíocht náisiúnta deiseanna oibre agus oideachais in Éirinn, go háirithe i Leitir Ceanainn, Sligeach agus i mBaile Átha Cliath, rud a laghdaíonn eisimirce amach as an tír. Tá cumarsáid ar an bpointe boise ar fáil leis na teicneolaíochtaí úra. Tá laghdú mór i gcuid de na hearnálacha, go háirithe an iascaireacht agus an fheirmeoireacht. Tá mórcheisteanna úra ag teacht chun cinn, cosúil le dramhaíl, fuinneamh agus inbhuaineacht.

Leiríonn Tábla 4 na tograí ábhartha agus nótaí faoin dul chun cinn.

Feirmeoireacht agus Gairneoireacht : 6 ghníomh

Tá dul chun cinn teoranta san earnáil seo. Tá an talmhaíocht ag dul chun deiridh ar Árainn Mhóir ón áireamh deireanach talmhaíochta sa bhliain 1980. Sa bhliain 1980, bhí 263 feirm ar an oileán, 76% acu le níos lú na 15 acra agus 135 acu níos lú na aon acra amháin. Ní raibh ach dhá ghabháiltas an t-am sin thar 15 acra.

B'iad caoirigh an príomhstoc, agus bhí 1,021 acu ann sa bhliain 1980. Bhí 265 eallach ag an am sin fosta. B'iad féar, prátaí, coirce, cál/cabáiste, agus turnapaí na príomhbharraí agus bhí 1,018 acra mar fhéarach gharbh.

Sa suirbhé a rinneadh ar an oileán sa bhliain 1993, bhí líon na gcaorach ardaithe go 5,000 agus an líon eallaigh imithe ar fad, gan ach bó amháin fágtha, agus gan aon bharraí á bhfás ach amháin i ngáirdíní glasraí tí. Faoin bhliain 2000, bhí an líon feirmeacha laghdaithe go 40, iad uilig ag díriú ar chaoirigh, ach líon na gcaorach íslithe anois go 1,220 de réir suirbhé talmhaíochta. .

Aontaíodh maoiniú d'fhiontraithe príobháideacha sa bhliain 2007 fá choinne polatulláin orgánacha do tháirgí gairneoireachta orgánacha. Níl aon dul chun cinn déanta ar tháirgeadh uibheacha saor-raoin, scéim fuinnimh píolótach bithmhais ó chrainn fhás gasta ná fás crann tráchtálach, cé go bhfuil banc inneallra curtha ar bun ag an Chomharchumann.

Muirshaothrú : 4 ghníomh

Cuireadh tús le togra saothrú sliogáin dhúbha cois cladaigh, ach scrios stoirmeacha an bonneagar, agus tréigeadh an togra. Níor cuireadh tús le haon tograí ar thalamh do tháirgeadh sligéisc nó leathóg.

Bonneagar : 6 ghníomh

Tá an cuarbhóthar ar an oileán críochnaithe. Tá leathnú curtha leis na soilse poiblí ach d'fhéadfaí é sin a fheabhsú. Tá balla farraige na Leidhbe Gairbhe tógtha. Tá áit tuirlinge heileacaptair réidh. Tá an Chomharchumann ag bainistiú agus ag cóiriú bóithre ar chonradh do Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá stáisiún úr agus sleamhnán tógtha don bhád tarrthála agus tá súil le tús a chur leis an obair ar ché úr ag Rannach gan mhoill.

Oideachas agus Traenáil : 3 ghníomh

Tá traenáil agus oideachas leanúnach curtha ar fáil ar an oileán. Bíonn traenáil ar an oileán, ach ní ar dhóigh sheasmhach. Tá trealamh curtha ar fáil san ionad fiontair atá úsáideach do ranganna. Cuireadh oiliúint ar oibríthe cumarsáide faisnéise do thogra ar an oileán, ach tá deireadh leis sin, cé go bhfuil roinnt oibríthe ag leanstan leis an obair as baile. Bheadh traenáil, uasghrádú scileanna agus oideachas leanúnach riachtanach, mar shampla clár micreafhiontair agus forbairt ar sheisiúin comhdhála do ghnónna beaga le nuálaíocht agus tionscnamh a spreagadh.

Turasóireacht: 10 ghníomh

Tógadh Baile Saoire le 8 dteach sa bhliain 1995, agus tá sin mar acmhainn luachmhar do thurasóireacht ar an oileán. Tá seo a bhainistiú ag an Chomharchumann mar ghnó leis féin. Tá an cúrsa 'Galf Dhá Mhaide' ar obair, ach níl na cúirteanna leadóige. Tá na coláistí Gaeilge ar siúl ar an oileán, ach níl forbairt déanta ar shaoire d'fhoghlaim na Gaeilge. Tá pointí ceangail curtha ar fáil do luaimh ar cuairt. D'fhéadfaí níos mó dul chun cinn a dhéanamh ar iascaireacht loch agus farrage. Níl an siopa ceardaíochta in aice leis an ché farantóireachta ar oscailt mar ionad turasóireachta faoi láthair. Bhí teach oidhreachta agus teach bóithí curtha ar fáil ag Cloch Corr, ach rinne stoirm damáiste don díon tuí agus tá an áit druidte ó shin.

Níl ach fíorbheagan de na seantithe athchóirithe mar thithe saoire, cé go bhfuil áitreabh athchóirithe in aice leis an teach solais in úsáid mar aonaid saoire. Níl Brat Gorm ag ceann ar bith de na trána. Tá an cosán siúil mapáilte agus comharthaí treoir curtha suas. Tá óstán úr oscailte agus tá an brú athchóirithe agus leathnaithe. Tá pleananna ag dul ar aghaidh go maith fá choinne promanáid ag Leadhb Gharbh. Tá áis fairtheorachta éan ceadaithe fá choinne maoinithe ach tá ceist faoin choimín. Rinneadh staidéar faoi ionad léirimmínithe teach solais a lonnú i seanfhoirgneamh an gharda cósta in aice leis an teach solais.

Cultúr agus Pobal : 6 ghníomh

Tá béaloideas an oileáin curtha le chéile i dhá fhoilseachán, ag úsáid scéimeanna fostaíochta sóisialta. Tá DVDanna agus láithreáin gréasáin ar fáil fosta. Tá plean forbartha don Ghaeilge molta fosta. Tá maoiniú ceadaithe d'ionad súgartha do pháistí. Tá cóiriú a dhéanamh ar an seanionad pobail agus tá halla spóirt úr molta ag an mheánscoil a bheadh ar fáil don phobal.

Timpeallacht : 5 ghníomh

Is mórcheisteanna anois an diúscairt dramhaíola agus an dumpáil, agus táthar ag tabhairt fúthu anois. Tá áiseanna bunúsacha athchúrsála curtha ar fáil. Bíonn an t-oileán páirteach i gcomórtas na mbailte slachtmhara, ach bíonn an scór íseal.

Seirbhísí agus Tionscáil: 5 ghníomh

Tá ionad fiontar curtha ar fáil, ach faoi láthair tá an chuid is mó den spás folamh. Tá caifé amháin oscailte go séasúrach in aice leis an ché farantóireachta agus tá bia ar fáil sa dá óstán. Tá ATM le cur ar fáil in Oifig an Phoist. Níl an bÁCús ar an oileán ag feidhmiú agus níl seirbhís poitigéara ar bith ann.

Gníomhaíochta ginearálta: 3 ghníomh

Bíonn bainisteoir agus foireann an Chomharchumainn ag feidhmiú mar oifigigh forbartha. Bunaíodh an dara comharchumann, ach níl aon fhoireann ann faoi láthair. Tá fóirdheontas curtha ar fáil don tseirbhís farantóireachta feithicil, ach tá costaisí farantóireachta ró-ard do na hoileánaigh, agus ba cheart méadú a chur leis na fóirdheontais. Níl aon fhóirdheontas ag an tseirbhís do phaisinéirí amháin. I bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006-2012, tá ráitis polasaí ag aithint na ndeacrachtaí speisialta atá ag oileáin an Chontae maidir le rochtain, cumarsáid agus forbairt eacnamaíoch. Tá sé ar intinn ag an Chomhairle “Straitéis do na hOileáin” a ullmhú, ag leagan amach go sonrach polasaithe agus clár d’fhorbairt na n-oileán ach níl sé sin déanta go fóill. Tá coiste bunaithe ag an Chomhairle Contae ar a bhfuil Baill Tofa agus oifigigh, agus déanann siad plé ar ghnóthaí na n-oileán.

Gníomhaíochtaí Idir-oileán: 3 ghníomh

Cinntíonn forbairt ar an Ghréasán Domhanda agus gnáthchumarsáid le ríomhphost agus láithreacha gréasáin agus soláthar leathanbhanda ar an oileán go bhfuil cumarsáid suas go dáta ar fáil. Tá sé seo ina bhuntáiste mór do na hoileánaigh, don Chomharchumann agus do Chomhdháil Oileán na hÉireann.

Forbairt Oileán ag luí le Polasaithe Ginearálta an AE: 4 ghníomh

Tá tacaíocht airgeadais poiblí i bhfad níos mó á fáil anois ag na hoileáin. Tá sé seo a riar don mhórchuid tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Sóisialta agus Gaeltachta.

Fuair Comhdháil Oileán na hÉireann athmhaoiniú sa bhliain 1993 agus d’oscail oifigí sa bhliain 1995. Tugann siad faoi ghnóthaí a bhaineann leis na hoileáin. Tá an phríomhoifig ar Inis Oirr agus tá ballraíocht de 33 oileán, 11 acu na mór-oileáin, cosúil le Toraigh agus Árainn Mhór i gContae Dhún na nGall, agus ionadaíocht ó oileáin bheaga i nDún na nGall, i Maigh Eo agus i gCorcaigh, agus oileáin gan cónaí buan mar fho-bhaill. Is í aidhm na Comhdhála, mar an gcéanna le polasaí an rialtais agus an AE, pobail bhuan a choinneáil ar na hoileáin. I gcomhthéacs na hEorpa, is daonra beag go leor atá ar na hoileáin. Seasann Éire léi féin ó thaobh Comhdháil a bheith aici, le líne díreach chuig an rialtas ag an chéim is airde den státseirbhís.

Tá Comhdháil na nOileán ag riar clár LEADER fosta, a bhuíochas do mhaoiniú ó seacht gcinn de chláracha.

Tá Gréasán de na hOileáin Bheaga Eorpacha ar a bhfuil ballraíocht ag an Chomhdháil, agus buntáiste fáighte ó INTERREG III do chlár mhalairteacha.

D’fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Frámaíocht Straitéiseach d’fhorbairt Oileán Chósta na hÉireann sa bhliain 1996. Níl aon pholasaithe speisialta ó thaobh deontais iompair struchtúrtha, Cáin Bhreisluacha laghdaithe nó gan cháin nó aon chóras foirmeálta forbartha Stáit i bhfeidhm do na hoileáin.

Tábla 4. Dul chun cinn ón Phlean Forbartha 1993

Téama agus Togra/Gníomh	Dul chun cinn
<i>Feirmeoireacht/Gairneoireacht</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Táirgeadh Uibheacha saor-raoin • Táirgeadh plandaí subh talún • Táirgeadh glasraí orgánacha • Fás Crann • Scéim píolótach fuinnimh bithmhais • Fiosrú banc innealra agus seirbhísí ag dul leis 	<p>Níor tugadh faoi Níor tugadh faoi</p> <p>Níor tugadh faoi Níor tugadh faoi</p> <p>Banc innealra ag an Chomharchumann</p>
<i>Muirshaothrú</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Saothrú oisrí ar scála beag • Fiosrú súimh do shaothrú sligéisc • Féidearthacht dabhcha ar thalamh do shligéisc/leathóg • Dreidire gan dochar don timpeallacht do chineálacha sligéisc dhúchasacha 	<p>Cuireadh tús le saothrú sliogáin dhubha ach scrios stoirm an bonneagar agus tréigeadh an togra</p>
<i>Bonneagar</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt ar chuarbhealach gan dochar don timpeallacht agus uasghrádú ar na bóithre atá ann • Go leor soilse poiblí a chur ar fáil • Tógáil ballaí farraige • Seirbhís héileacaptair i gcás práinne • Comharchumann ag bainistiú agus ag cothabháil na mbóithre • BSL le leictreachas 3 phas a chur ar fáil 	<p>Déanta</p> <p>Leathnaithe amach, ach tuilleadh de dhíth</p> <p>Déanta ag Leadhb Gharbh</p> <p>Áit tuirlingte curtha ar fáil</p> <p>Á dhéanamh ar chonradh ón Chomhairle Contae</p> <p>Cumhacht 3-phásach anois ar an oileán</p>
<i>Oiliúint agus Oideachas</i>	
<ul style="list-style-type: none"> • Oideachas agus Traenáil i gceirdeanna agus i scileanna éagsúla • Forbairt ar cheardaíocht agus comh-mhargaíocht • Forbairt ar thraenáil i scileanna gnó agus bainistíocht turasóireachta 	<p>Oiliúint ar siúl ach tuilleadh de dhíth</p> <p>De dhíth go fóill</p>

Turasóireacht	
<ul style="list-style-type: none"> • Forbairt Baile Saoire le háiseanna caitheamh aimsire • Forbairt na Gaeilge san oideachas agus sa turasóireacht • Forbairt spóirt uisce • Ionad Eolais turasóireachta agus siopa ceardaíochta a chur ar fáil • Foirgnimh agus tithe tréigthe a athchóiriú • Brat Gorm a bhaint amach do na tránna • Forbairt ar áiseanna ginearálta • Bunú comharchumainn le turasóireacht agus tograí a chur chun cinn 	<p>Déanta</p> <p>De dhíth go fóill</p> <p>Ionad tumadóireachta íochta molta anois Athoscailt an ionaid de dhíth</p> <p>Mórán acu tréigthe go fóill</p> <p>Níl sé seo bainte amach</p> <p>Mórán áiseanna forbartha Baile Saoire mar aonán ann féin</p>
Cultúr agus Pobal	
<ul style="list-style-type: none"> • Feachtas a chruthú leis an Ghaeilge a láidriú agus á húsáid a mhéadú • Béaloideas an oileáin a chur le chéile i gcnuasach ó bhéal agus scríofa • Suirbhé seandálaíochta agus stairiúil a dhéanamh ar an oileán • Imeachtaí pobail a eagrú Leathnú ar eolas faoin oileán • Forbairt ar shiamsaíocht chultúrtha • Áit shúgartha do pháistí • Seirbhís leabharlanna 	<p>De dhíth go fóill</p> <p>Déanta</p> <p>Níl déanta</p> <p>De dhíth</p> <p>Níl déanta Maoiniú ceadaithe Ar siúl</p>
Timpeallacht	
<ul style="list-style-type: none"> • Tosaíocht ghníomhaíochta fuinnimh (le FÁS)) • Grúpa timpeallachta a bhunú agus tionscnaimh a chur chun cinn • Páirt a ghlacadh i gComórtas na mBailte Slachtmhara • Seirbhís athchúrsála a chur ar fáil • Seirbhís bailiúcháin dramhaíola rialta agus feabhsaithe 	<p>Páirt glactha sa chomórtas</p> <p>Seirbhís bhunúsach tosaithe Seirbhís lochtach</p>
Seirbhísí agus Tionsclaíocht	
<ul style="list-style-type: none"> • Réamh-mhonarcha/aonaid fiontair a chur ar fáil • Seirbhísí ginearálta a chur ar fáil- ATM, poitigéir agus siopaí speisialacha 	<p>Déanta</p> <p>ATM le bheith curtha ar fáil in Oifig an Phoist</p>

Gníomhaíocht Ghinearálta	
<ul style="list-style-type: none"> • Oifigeach forbartha don oileán • Fóirdheontas do chostaisí taistil chuig/as an oileán • Polasaí curtha i bPlean Forbartha an Chontae chun riachtanais na n-oileán a mheas 	<p>Níor fostaíodh duine faoi leith Níl fóirdheontas ar fáil</p> <p>Déanta</p>
Gníomhtha /Tograí Idiroileán Molta	
<ul style="list-style-type: none"> • Bunú gréasán cumarsáide idir- oileán le foireann lánaimseartha • Clár cianfhoghlama a bhunú • Bunaigh eagraíocht bád farantóireachta 	<p>Comhdháil na nOileán bunaithe agus foireann fostaithe</p> <p>Níl gá leis mar gheall ar theicneolaíocht úr</p>
Forbairt Oileán ag dul le polasaithe ginearálta an AE	
<ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht do thaisteal • CBL laghdaithe/gan CBL d'oileáin • Tionscnaimh forbartha gnó • Ullmhú pleananna forbartha agus bailiú staitisticí 	<p>Fóirdheontais ach níl mór go leor</p> <p>Níl déanta</p> <p>Roinnt bainte amach</p> <p>Bailiú sonraí déanta ag Comhdháil na nOileán</p>

FÍS DON TODHCHAÍ

Bunluachanna

Is é athrá na mbunluachanna atá ag muintir Árainn Mhóir a dheimhníonn straitéis forbartha don oileán. Is iad na bunluachanna atá acu:

An Ghaeilge

Tá an teanga faoi bhagairt. Is cúis mhór buartha do mhórán daoine ar an oileán nach í an Ghaeilge an príomh theanga teagaisc sa mheánscoil ar an oileán.

Inbhuaine agus Féin-mhuinín Pobail

Cé go bhfuil ráta ard anáis choibhneasta agus spleáchais ar an oileán, tá sprid láidir pobail ar an oileán chomh maith le cumas inbhuaine agus féinmhuinín. Tá go leor bainte amach le tríocha bliain anuas ag na hoileánaigh a bhuíochas don Chomharchumann pobail. Tá áiseanna pobail, sláinte agus oideachais ar fáil le neart áiseanna riachtanacha, ina measc an t-ionad faoisimh agus tá ionad spóirt faoi dhíon molta. Tá go leor daoine ón oileán ag obair go lánaimseartha amuigh as an oileán agus thar lear. Caithfidh an t-oileán an daonra atá buan ar an oileán a choinneáil ionas go mairfidh sé.

An Eacnamaíocht

Tá fostaíocht agus ioncam de dhíth ar an oileán. Tá na slite beatha traidisiúnta, an iascaireacht agus go háirithe an fheirmeoireacht ar an oileán ag dul i léig, chomh maith leis an cheardaíocht traidisiúnta, macasamhail an chnriotáil. Is iad seo a leanas na príomh dheacrachtaí ó thaobh deiseanna fostaíochta ar an oileán :

- Costaisí níos airde iompair mar gheall ar rochtain ar an tír mór ;
- Amanna teoranta do rochtain ar an tír mór do fheithiclí;
- Deacracht teacht ar eolas faoi mhargaí a bhféadfaí díriú orthu;
- Costas maireachtála níos airde;
- Costaisí níos airde i ndáil le cosaint timpeallachta;

Tá an Plean forbartha ag súil le tabhairt faoi na mórcheistean sin chun níos mó deiseanna fostaíochta a chur ar fáil dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair ar an oileán. D'fhéadfadh tionchar an-mhór a bheith ag déileáil leis na ceistean sin ar dhíriú ar eacnamaíocht an oileáin, mar go dtabharfaidh feabhas ar dheiseanna fostaíochta breis maoinne agus caiteachais chuig an oileán.

I measc na ndeiseanna féideartha eacnamaíochta agus fostaíochta ar an oileán tá earnáil na seirbhísí agus micreafhiontair, turasóireacht, fuinneamh inathnuaite, agus éagsúlú i dtáirgeadh éisc agus bia. Dá mbeadh an oiread forbartha agus is féidir déanta ar na hearnálacha seo, d'fhéadfadh siad tionchar an-dearfach a bheith acu ar an oileán.

Turasóireacht

Bhí an turasóireacht i gcónaí mar fhoinsé thábhachtach ioncaim d'Oileán Árainn Mhóir, agus tá féidearthacht ann tuilleadh ioncaim agus fostaíochta a chruthú. Tá lóistín a chur ar fáil ag líon maith teaghlach, rud atá ina fhoinsé mhaith ioncaim breise. Tá lucht lóistín, seirbhísí agus na tithe tábhairne áitiúla go háirithe ag brath go

mór ar thurasóirí agus ar chuairoteoirí. Tá réimse lóistín ann faoi láthair, uasghrádú de dhíth ar chuid de, agus tá gá le gníomhaíochtaí breise agus nuálaíocht sa turasóireacht.

Timpeallacht

Tá Árainn Mhór ar cheann de chuid oileáin chósta thiar Dhún na nGall. Tá caighdeán ard tírdhreach agus muirdhreach, le cnoc agus caorán sléibhe ina bhfuil cupla loch, agus ag síneadh chomh fada le beanna arda. Ar aghaidh na tíre móire, tá páirceanna beaga agus talamh féarach le foscadh níos fearr. Tá radharcanna dramatúla thar chósta an chontae, thar na sléibhte agus na hoileáin eile agus siar chun na farraige móire. Tá imeall thiar an oileáin agus na ceantair farraige ar an taobh thoir idir an oileán agus tír mór aitheanta ag an Aontas Eorpach mar cheantair le timpeallacht shainiúil. Tá na hoileánaigh bródúil as áilleacht an oileáin agus na farraige thart air.

Bhí an fharraige mar fhoinsé do shaothrú slí bheatha do mhórán daoine ar an oileán ar feadh na gcéadta bliain. As an traidisiún seo, tháinig an stáisiún don bhád tarthála ar an oileán agus gníomhaíochtaí eile mara, macasamhail an cumann ráimhaíochta a bunaíodh ar na mallaibh..

Tá dumpáil agus bruscar ag milleadh na hacmhainne timpeallachta seo. Is bainistíocht na dramhaíola an mhórchéist is mó ag na hoileánaigh faoi láthair. Tá tionchar aige fosta ar dhearcadh turasóireachta maidir leis an oileán agus ag tarraingt aird dhiúltach sna meáin.

Rochtain

Tá rochtain rialta agus inacmhainne ar an oileán fíorthábhachtach. Tá rochtain fhisiciúil níos fearr anois le dhá bhád farantóireachta agus clár ama seirbhíse leathnaithe. Tá costas iompair ina ualach throm ar na hoileánaigh agus cuirfidh ardú i bpraghas na hola leis sin.

Tábla 5. Achoimre ar na láidreachtaí, na laigí, na deiseanna agus na bagairtí

Láidreachtaí	Laigí
Limistéar áilleachta nádúrtha	Laghdú daonra
Struchtúr sóisialta agus bhonneagar atá forbartha	Scóir ann-íseal i ngach táscaire socheacnamaíocha i gcomparáid le Dhún na nGall agus an chuid eile den tír
Rochtain Farantóireachta Feabhsaithe	
Forbairt Pobail & Ionadaíocht Láidir	Meath ollmhór i dtionscadail na hiascaireachta & feirmeoireachta; scileanna a chailleadh & cultúr ag athrú.
Mórán spriocanna dearfacha bainte amach ag COAMT ó 1993	Meath na Gaeilge agus na himpleachtaí a bhaineann le cultúr an oileáin
An dara oileán is mó amach ó chósta na hÉireann ó thaobh achar & daonra de	
Nasc láidir idir diaspóra an oileáin agus an bhaile.	Easpa fiontraíochta & deiseanna fostaíochta
Bagairtí	Deiseanna/Féidearthachtaí
Méadú dramhaíola agus easpa bainistíochta straitéiseach	Cur chuige comhtháite maidir le táirgí turasóireachta; saoire gníomhach ag foghlaim Gaeilge & téamaí oidhreachta nádúrtha, staire agus timpeallachta
Meath na Gaeilge	
Ardú ar chostas breosla	Forbairt Teanga & Cultúr
Áthstruchtúru eacnamaíochta sa geilleagar réigiúnach, náisiúnta & domhanda	Fuinnimh in-athnuaite
Easpa deiseanna nua fostaíochta	Áitribh i seilbh COAMT a bheas a fhorbairt sa todhchaí
	Fiontair nua & Éagsúlú Fiontraíochta – laghdú thionchar an meath ar thionscadal na hiascaireachta agus feirmeoireachta
	Forbairt táirgí turasóireachta ar chaighdeán níos airde
	Oiliúint agus athoiliúint atá fócasaithe
	Ionad ilfheidhmeach faoi dhíon ag an Mheánscoil

Téamaí straitéiseacha

Tá naoi dtéama comhlántach forbartha straitéisigh aitheanta don phlean comhtháite straitéiseach. Tá cur síos sonrath orthu, le cuspóirí agus dúshlán aitheanta agus tograí agus gníomhaíochtaí faoi leith sonraithe. Tá scála ama agus freagrachtaí curtha síos. Seo a leanas na téamaí:

- An Ghaeilge agus an Cultúr Gaelach
- Forbairt Pobail
- Fostaíocht
- Inbhuaine agus Fuinneamh in-athnuaite
- Turasóireacht
- Iascaireacht agus Talmhaíocht
- Rochtain
- Dramhaíl
- Tithíocht

Taispeánann an tábla achoimre deiridh, Tábla 10, cuspóirí agus gníomhaíochtaí na dtéamaí.

TÉAMA 1: AN GHAELGE AGUS CULTÚR GAELACH

An Dúshlán

An Ghaeilge a láidriú agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar an oileán.

Na Fíricí

Tá stádas faoi leith ag Oileán Árainn Mhór mar oileán Gaeltachta, mar aithnítear gurb í an Ghaeilge an teanga atá in úsáid go laethúil sa phobal. Tá an t-aitheantas seo fíor thábhachtach don oileán. Tá go leor buntáistí a thagann as an aitheantas sin do dhaoine, i bhfoirm deontais (do thithíocht, d'oideachas teanga, traenáil d'fhostaíocht agus rl.), agus don oileán féin (forbairt gnó, forbairt turasóireachta, forbairt pobail agus rl).

Ina bPlean Forbartha Straitéiseach 2005-2010, déanann Údarás na Gaeltachta tagairt do stáid leochaileach na Gaeilge sa Ghaeltacht mar gheall ar chúiseanna éagsúla sa sochaí agus soláthar seirbhísí ag an rialtas. Luann an tÚdarás an titim mhór i líon na dtuismitheoir a úsáideann Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus in úsáid na Gaeilge ag daoine óga sa Ghaeltacht. Tá athbheochán na Gaeilge mar theanga an phobail mar cheann de ghnéithe straitéiseacha sa straitéis forbartha ag an Údarás, tríd thacaíocht a thabhairt do Ghaeilgeoirí ó dhúchas, tríd dhíriú ar thuismitheoirí, tríd thacaíocht do ghréasáin shóisialta a chuireann an Ghaeilge chun cinn mar theanga an phobail, tríd thacaíocht do chainteoirí úra Gaeilge, agus tríd an Ghaeilge a chur chun cinn san áit a bhfuil úsáid na teanga ag laghdú agus san áit a bhfuil seasamh lag an an Ghaeilge.

Thaispeáin an suirbhé socheacnamaíoch teaghlaigh a rinneadh ar Oileán Árainn Mhór mar chuid den phlean seo agus a foilsíodh ag deireadh na bliana 2007, go raibh líofacht Gaeilge ag 149 freagróir (55% de na freagróirí), deir 13% nach bhfuil aon Ghaeilge acu agus 21% acu le Gaeilge mheasartha. I gcomparáid leis sin, sa bhliain 1992, dúirt 86% de na freagróirí i suirbhé den chineál chéanna go raibh Gaeilge líofa acu. Is é sin titim suntasach ar líofacht na Gaeilge ag muintir Árainn Mhór.

Tá níos mó sonraí faoi chúiseanna an mheatha sin na Gaeilge sa Ghaeltacht le fáil i dtuarascáil taighde a rinneadh don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.¹
² Luann an tuarascáil sin an tionchar atá ag dinimic sóisialta agus gnéithe déimeagrafacha ar cheantair Gaeltachta, ina measc an tionchar atá ag ceantair uirbeacha in aice láimhe, inimirce, turasóireacht agus forbairt tithe saoire.

Tarraingíonn an tuarascáil seo aird ar an ghné is mó tionchair, sin an líon mór cainteoirí Béarla ag teacht isteach sa Ghaeltacht ar thuismitheoirí óga iad. Cuireann na taighdeoirí béim ar seo, sa mhéid go bhfuil impleachtaí móra ann do thodhchaí na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Cuireann an anailís a rinne na taighdeoirí i leith go gcaithfear an líon de chainteoirí gníomhacha iniata a choinneáil ós cionn 67% chun go mbeidh an Ghaeilge

¹ Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht: Principal Findings and Recommendations, NUI Gaillimh, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus NUI Maigh Nuad, National Institute for Regional and Spatial Analysis, 2007.

² Coimisiún na Gaeltachta - Tuarascáil 2002

inbhuanaithe sa phobal. Cuireann an tuarascáil i leith gur cheart athrangú a dhéanamh ar na ceantair Gaeltachta reachtúla ar an bhunús táirsigh sin. Déanann an tuarascáil sin fosta moltaí ar bhun leathan fá choinne athruithe sa reachtaíocht agus i bpolasaithe rialtais maidir le hoideachas, deontais, seirbhísí don óige, seirbhísí tacaíochta teaghlaigh, an earnáil gnó agus rí.

Bunaithe ar anailís staitistiúil (Daonáireamh 2002), léirigh an taighde go raibh 62.8% de dhaonra Árainn Mhór ina gcainteoiri Gaeilge (Catagóir B), agus meastar an t-oileán a bheith ina cheantair in arb í an Ghaeilge teanga an phobail ar bhun áirithe, ach an Ghaeilge a húsáid den chuid is mó ag na daoine níos sine, ag daoine i ngréasáin áirithe sóisialta agus in institiúidí áirithe. Rinneadh breis taighde maidir le húsáid na Gaeilge sa bhaile, san oideachas agus i measc na ndaoine óga.

D'eascair béim an rialtais le tamall ar phleanáil teanga as an tuarascáil thábhachtach taighde seo. Do na ceantair i gCatagóir B, molann an tuarascáil go gcuirfí plean seacht mbliana don teanga le chéile, ag díriú ar phleanáil teanga, ar phleanáil oideachais, ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh, ar sheirbhísí don óige, ar fhorbairt pobail, ar phleanáil d'úsáid na Gaeilge i gcúrsaí gnó agus i n-eagraíochtaí pobail, ar fhorbairt turasóireachta chultúrtha agus oideachasúil agus ar sheirbhísí eaglaise.

Is i gceantair Athphoirt & na Tuartha is láidre atá an Ghaeilge ar an oileán. Le blianta beaga anuas, tá cúrsaí Gaeilge grádaithe a reachtáil ar an oileán. Tá na cúrsaí maonaithe ag Údarás na Gaeltachta agus a reachtáil agus a riaradh ag COAMT. Bhí conspóid faoin teagasc sa mheán scoil a bheith tríd mheán an Bhéarla amháin.

Tá go leor gníomhaíochtaí arb fhéidir le pobal Árainn Mhóir tabhairt futhu leis na cuspóirí seo a chur ar aghaidh agus is cinnte go mbeadh tacaíocht ón phobal chun é sin a dhéanamh. Mar shampla, léirigh an suirbhé socheacnamaíocht teaghlaigh go bhfuil fonn láidir i measc na n-oileánach (75% de na freagróirí) go ndéanfadh a gcuid páistí freastal ar scoil a mbeadh an Ghaeilge mar mheán teagaisc, agus ba mhaith le 95% de na freagróirí go mbeadh deis ag na páistí sa phobal feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge lasmuigh den scoil.

Dá dtiocfadh meath ar an Ghaeilge, bheadh an bhagairt ann go gcaillfí an stádas Gaeltachta. Bheadh impleachtaí móra ag an chailliúint sin ó thaobh forbairt an oileáin mar go dtagann mórán den mhaoiniú poiblí chuig an oileán mar gheall ar a stádas speisialta Gaeltachta.

Is féidir an Ghaeilge a chur chun cinn fosta ag úsáid na Scéime 1% Ealaíona Pobail a riarann an Roinn sa Ghaeltacht. Chuir an Comharchumann foirmeacha iarratais ar thacaíocht do chomharthaí i nGaeilge amach chuig na gnónna ach níl mórán suime léirithe go dtí seo. Is do chomharthaí i nGaeilge amháin a thabharfaidh Foras na Gaeilge tacaíocht.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí molta

Cuspóirí 1.1: Leanúint le Láidriú agus le Cur Chun Cinn na Gaeilge

- Glacadh le Plean Forbartha don Ghaeilge agus é a chur i bhfeidhm
- Ullmhú pleananna agus polasaithe i leith na Gaeilge ag gnónna agus ag grúpaí pobail agus deonacha ar an oileán a chur chun cinn.
- Oifigeach teanga/forbartha pobail a fhostú.
- Comhionannas teanga sa mheán scoil a chur chun cinn.
- Meadú ar úsáid na Gaeilge tríd chlár rialta cúrsaí agus imeachtaí sóisialta do gach aoisghrúpa a chur ar fáil.
- Comharthaíocht dhátteangach a chur suas ar an oileán do ghnónna, do threoracha, comharthaí mínithe, bailte fearainn, bóithre, cosáin siúil agus rí.
- Níos mó comharthaíochta dhátteangach a chur suas.
- Togra ealaíne poiblí a chur ar siúl ag léiriú na teanga agus imeachtaí chultúrtha nó stairiúla chomhlántach.

TÉAMA 2: FORBAIRT POBAIL AGUS ÁISEANNA

An Dúshlán

Forbairt pobail a spreagadh agus cur leis na seirbhísí agus áiseanna pobail atá ann faoi láthair agus gnéithe le feabhsú a aithint.

Na Fíricí

Tá líon mór grúpaí agus coistí gníomhach ar an oileán. Tá áiseanna éagsúla pobail ar fáil fosta, ina measc an halla pobail (atá á athchóiriú faoi láthair), an tIonad Sláinte, an Siopa Ceardaíochta ag Léadhb Gharbh a bhíonn in úsáid uaireanta ag an phobal áitiúil, agus an láthair cultúrtha ag an Bhaile Saoire.

Tá ceangail déanta le grúpaí as oileáin eile agus grúpaí lasmuigh den Stát ar oileán Reachlainn agus in Albain. Tá béim láidir trasnáisiúnta le Tuaisceart na hÉireann agus le hIarthar na hAlban sa Chlár úr INTERREG IV de chuid an Aontais Eorpaigh mar atá sé a riar ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus d'fhéadfaí maoiniú a fháil fá choinne turais eolais agus comhthionscadail.

Tá forbairt an oileáin a threorú ag an Chomharchumann. Beidh tiomantas de dhíth ón bhainisteoir do chur i bhfeidhm an phlean seo.

Dúirt 55% de na freagróirí ar an suirbhé gur mhaith leo Garda a bheith lonnaithe go lánaimseartha ar Oileán Árainn Mhór agus dúirt 39% nár mhaith leo sin a bheidh amhlaidh. Thug 122 duine míniú ar a gcuid freagraí. Dúirt mórán de na daoine, a dúirt nár mheas siad go raibh gá le Garda go lánaimseartha ar an oileán, gur mhaith leo Garda a bheith ann sa tSamhradh agus ag deireadh seachtaine. Léiríonn torthaí eile ón suirbhé go bhfuil easpa imeachtaí sóisialta agus seirbhísí eile do gach aoisghrúpa ar an oileán.

Tábla 6. Rangú Áiseanna Sóisialta do Gach Aoisghrúpa

	maith	reasúnta	olc	Gan tuairim
Páistí faoi 12	15 (7.0%)	25 (11.4%)	146 (66.0%)	17 (7.8%)
Daoine óga 13-18	5 (2.3%)	14 (6.4%)	157 (73.0%)	15 (9.8%)
Daoine 18-25	6 (2.8%)	28 (12.8%)	137 (64.0%)	20 (9.1%)
Daoine 26-60	9 (4.2%)	40 (18.3%)	118 (55.0%)	22 (10.0%)
Daoine 60	45 (20.9%)	61 (27.9%)	73 (34.2%)	24 (11.0%)

Thaispeáin an suirbhé an ghá agus an éileamh ar níos mó imeachtaí eagraithe, ionad pobail ceart le háiseanna spóirt agus caithimh aimsire faoi dhíon. Tá páirc shúgartha do pháistí agus páirc imeartha uile aimsire de dhíth fosta, agus go hidéalach, linn snámha.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta

Cuspóir 2.1: Forbairt Pobail a Láidriú

- Imeachtaí spóirt agus caithimh aimsire a eagrú do gach aoisghrúpa
- Cur chuige comhtháite a ghlacadh maidir le soláthar agus cur chun cinn imeachtaí
- An méid úsáide agus is féidir a bhaint as na háiseanna pobail atá ar an oileán (scoileanna, ionad oidhreachta, ionad ceardaíochta) mar láithreacha fá choinne cúrsaí, ceardlanna, imeachtaí
- Méadú ar chumarsáid idir ghrúpaí agus imeachtaí agus tairiscintí a fhógairt ar fud an oileáin uilig
- Nuachtlitir pobail a fhoilsiú níos minicí
- Grúpa Pobal ar Aire don Oileán uilig a eagrú
- Leanstan le Garda séasúrach/páirtaimseartha ar an oileán (mar a tosaíodh sa bhliain 2007)
- Na ceangail leis na hoileáin eile a choinneáil, Reachlainn ina measc agus oileáin na hAlban, agus maoiniú INTERREG IV a fhiosrú.

Cuspóir 2.2: Breis Áiseanna Pobail a chur ar fáil

- Áisitheoireacht ar sholáthar foirgnimh ilúsáide ag suíomh meánscoile an Choiste Gairmoideachais, le háiseanna do spórt agus caitheamh aimsire faoi dhíon, seomraí corpacmhainneachta, seomraí gleacaíochta do gach aoisghrúpa.
- Áisitheoireacht ar sholáthar páirc imeartha ilaimsire, le soilse, ar thalamh an Chomharchumainn ag an Bhaile Saoire nó in aice leis an pháirc peile.
- Soláthar linn snáma téite a mheas, ag úsáid fuinnimh in-athnuaite gaoithe nó tonntracha san fhádtéarma.

TÉAMA 3: FOSTAÍOCHT**An Dúshlán**

Na deiseanna fostaíochta agus traenála ar Oileán Árinn Mhóir a spreagadh agus a mhéadú.

Na Fíricí

Tá an ráta is airde i nDún na nGall ag Oileán Árinn Mhóir, le 56.4% de na fir dífhostaithe agus 26.2% de na mná. Go náisiúnta, tá rátaí 8.8% fir agus 8.1% mná, agus 14.4% fir agus 10.8% mná i gContae Dhún na nGall.

Sa suirbhé, dúirt beagnach an ceathrú cuid de na freagróirí (23%) go raibh siad dífhostaithe. Léiríonn an tábla thíos an cineál fostaíochta agus an láthair oibre nó staidéir.

Tábla 7. Príomh shlí bheatha

Slí Bheatha	Líon	% Freagróirí
Talmhaíocht/foraoiseacht	4	8.5%
Iascaireacht	5	10.6%
Tógáil	5	10.6%
Mianadóireacht / cairéalacht / táirgeadh móna	0	0.0%
Déantúsaíocht	0	0.0%
Iompar/cumarsáid	2	4.3%
Mórdhíol/Miondíol	3	6.4%
Baincéracht/ceantáil/seirbhísí airgeadais	2	4.3%
Riarachán poiblí/cosaint	4	8.5%
Oideacha/sláinte/obair shóisialach	11	23.4%
Óstáin/Bialanna	5	10.6%
Seirbhísí Pobail/sóisialta/pearsanta	6	12.8%

Tábla 8. Áit oibre nó Staidéir

Áit Oibre nó Staidéir	Líon	% de na Freagróirí
Sa bhaile	37	41.6
Áit eile ar an oileán	31	34.8
Lasmuigh den oileán ach níos lú ná 10 míle	2	2.2
Lasmuigh den oileán ach idir 11 agus 300 míle	0	0
Lasmuigh den oileán thar 31 míle	19	21.3

Taispeánann na táblaí a leanas na cineálacha oibre nó staidéir atáthar a lorg ar an oileán, agus mar sin, tugann siad léiriú ar na hearnálacha a d'fhéadfaí a fheabhsú nó a fhorbairt.

Tábla 9. Earnáil inmhianaithe acu siúd ag cuardach oibre

Earnáil inmhianaithe	Líon	% de na Freagróirí
Talmhaíocht/foraoiseacht	4	2.7
Iascaireacht	11	7.4
Tógáil	13	8.8
Mianadóireacht/cairéalacht/táirgeadh móna	1	0.7
Déantúsaíocht	2	1.4
Iompar/cumarsáid	0	0.0
Soláthar Leictreachais/gáis/uisce	0	0.0
Mórdhíol/Miondhíol	2	1.4
Baincétracht/ceanáil/seirbhísí airgeadais	3	2.0
Riarachán poiblí/cosaint	2	1.4
Oideachas/obair shóisialach	11	7.4
Ostáin/Bialanna	10	6.8
Seirbhísí Pobail/sóisialta/pearsanta	6	4.1

Thaispeáin an suirbhé teaghlaigh fosta go raibh éileamh ar thraenáil sna hearnálacha eacnamaíochta, ina measc traenáil gnó, teicneolaíocht na fáisneise, feirmeoireacht éagsúlachtach. Tá scéimeanna FAS curtha ar siúl ar an oileán faoi láthair, ach tá gá le cláir micreafhiontraíochta le tograí gnó úra a spreagadh. Tá riachtanas ginearálta fosta chun tionscnaimh do ghnónna úra a spreagadh. Tá trealamh úsáideach do theagasc san ionad úr fiontair agus d'fhéadfaí an áit a úsáid mar ionad traenála.

B'fhiú comhdháil a eagrú ar an oileán agus cuireadh a thabhairt do ghnónna agus do fhiontraithe a bheadh fóirsteanach d'oileán.

Tá éileamh fosta ar sheirbhísí gairmiúla aistriúcháin; go háirithe agus an Ghaeilge mar theanga oifigiúil san AE. Bheadh creidiúnú riachtanach dóibh siúd a bhfuil suim acu ann. Sin deis fiontraíochta ar bhfiú coinneáil léi. Tá a leithéid sin de ghnó aistriúcháin lonnaithe ar Oileán Chléire.

Cuideoidh tionscnaimh úra, éagsúlú agus tacaíocht le cruthú fostaíochta úr.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí molta

Cuspóir 3.1: Traenáil, cur chun cinn agus éagsúlú fá choinne deiseanna fostaíochta

- Anailís riachtanais traenála d'eacnamaíocht an oileáin a iompar amach, leis na scileanna atá de dhíth fá choinne forbairt fiontair áitiúla a aithint.
- Comhdháil forbartha gnó a eagrú chun fiontraíocht agus infheistíocht isteach a spreagadh ar an oileán.
- Traenáil a chur ar fáil sna scileanna riachtanacha macasamhail teicneolaíocht gnó agus fáisneise, teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite, éifeachtacht fuinnimh.

Cuspóir 3.2: Seirbhís aistriúcháin tráchtála a bhunú.

- Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthacht seirbhís aistriúcháin a fhorbairt maraon leis an creidiúnú atá riachtanach dá leithéid.

TÉAMA 4: INBHUAINE AGUS FUINNEAMH INATHNUAITE

An Dúshlán

Cineálacha fuinnimh inbhuanaithe agus inathnuaite a fhorbairt ar Oileán Árainn Mhór.

Na Fíricí

Déghloiniú agus insliú lochta na príomh dhóigheanna sábhála fuinnimh i dtithe na bhfreagróirí sa suirbhé, ansin clúdach neamhchonduchtach ar an dabhach uisce te agus insliú sna ballaí. Tá na gnéithe caighdeánacha sábhála fuinnimh sin curtha isteach in os cionn dhá dtrian de thithe an oileáin. Níl mórán táirgeadh fuinnimh inbhuanaithe ar léibhéal teaghlaigh i measc na bhfreagróirí, le córas teasa geoiteirmeach i dteach amháin agus tuirbín gaoithe amháin curtha isteach³.

I gcomparáid le suirbhé na bliana 1992, tá líon níos lú tithe gan aon cheann de na gnéithe sábhála fuinnimh luaite anois (37% i 1992 agus 5% sa bhliain 2006). Bhí insliú lochta, clúdach neamhchonduchtach ar an dabhach uisce te agus insliú sna ballaí i mbeagán níos mó ná aon trian de na tithe uilig i 1992, agus ní raibh deghlóiniú ach in 11% de na tithe.

Dúirt an chuid is mó de na daoine (82%) go dtabharfadh siad tacaíocht do fheirm muilté gaoithe ar an oileán le leictreachas pobail a chur ar fáil.

D'fhéadfaí tograí fuinnimh inathnuaite taispeántacha a iompar amach ag an Bhaile Saoire, mar shampla, áit a bhfuil na costaisí reatha an-ard mar gheall ar na téiteoirí leictreacha; nó ag úsáid an Teach Bóithigh atá folamh. Ba cheart d'fhoirgnimh eile, cé acu molta nó athchóirithe, teicneolaíocht sábhála fuinnimh agus tréithe éifeachtachta fuinnimh a bheith mar chuid díobh.

Rinne dhá chomhlacht fuinnimh gaoithe fiosraithe leis an Chomharchumann agus leis na comhairleoirí nuair a bhí an plean seo á chur le chéile. Dúirt ceann amháin acu go ndéanfadh siad iarracht togra fuinnimh gaoithe a fhorbairt i bpáirtnéireacht leis an phobal áitiúil. Bheadh an luas gaoithe is fearr sa cheantair cnoc in iarthar an oileáin, tá an ceantar sin scoite amach ó na tithe cónaithe agus, den chuid is mó, lasmuigh de na ceantair ag na beanna atá aitheanta mar Limistéir Speisialta Caomhantais agus Limistéir Oidhreacht Náisiúnta, gan aon bhacanna i gcoinne cead pleanála le tabhairt faoi deara; ach tá an chuid is mó de na tailte sin mar choimín le níos mó ná 200 sealbhóir agus bheadh sé deacair cead a fháil uathu uilig. D'fhéadfadh na héin a bheith ina dheacracht fosta. Tá tailte ar an taobh thoir den oileán nach coimín iad ach bheadh cóngarach do na tithe ina dheacracht. Cábla leictreach 10 kV atá ag ceangal an oileáin leis an tír mór, agus d'fhéadfadh sé sin fosta a bheith ina bhac ar chumas ginte fuinnimh mura mbeadh an togra mór go leor chun go mbeadh sé eacnamaíoch cáblaí traiseolta le cumas níos airde a chur ar fáil.

Eascóidh an t-uasghrádú atá molta ar na cáblaí traiseolta cumhachta ar chósta thiar an chontae ceangal le cumas níos airde le foinsí fuinnimh in-athnuaite. Seo an t-am fóirsteanach mar sin le háiseanna fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt ar an oileán.

³ Fuarthas eolas deimhnithe ar an tuirbín gaoithe a bhuíochas dá fheiceáil agus chan ó fgreagra suirbhé.

Tá ceadúnas imeall trá a lorg ag Shanahan Engineering do thogra tuirbíne toinne píolótach amach ó chósta Árann Mhór. Bheadh soláthar fuinnimh gaoithe ag comhlánadh an togra ginte fuinnimh toinne ina bhféadfaí stáisiún claochladáin fuinnimh a lonnadh ar Árann Mhór.

Tá samhail pobail de rannpháirtíocht fuinnimh gaoithe curtha ar fáil ag Coimisiún Forbartha an Iarthair⁴ agus tá eiseamláir dea-chleachtas ar chuid de na hoileáin in Albain. Is féidir le tograí mar sin ioncam maith a shaothrú do phobail áitiúla. D'fhéadfadh siad fosta fuinneamh a chur ar fáil do linn snámha ar an oileán, mar shampla.

Cuspóiri agus Gníomhaíochtaí molta

Cuspóir 4.1 Foinse tráchtála d'fhuinneamh in-athnuaite a fháil ar an oileán a bheidh chun tairbhe pobail an oileáin

- Staidéar Féidearthachta Fuinnimh Gaoithe don Oileán a choimisiniú ar mhaithe leo seo a leanas:
 - Suímh féideartha a aithint d'fheirm gaoithe tráchtála;
 - Réiteach a mholadh chun an talamh coimín a úsáid mar shuíomh d'fheirm gaoithe;
 - Cumas an ghréasáin leictreachais a scrúdú;
 - Tús a chur le hidirbheartaíocht le ceannaitheoirí leictreachais;
 - An bhuntáiste ioncaim do na hoileánaigh a mheas;
 - Meastúchán mionsonraithe a chur ar fáil faoi chostas togra a fhorbairt.
- Páirtnéireacht pobail le comhlacht fuinnimh gaoithe a fhiosrú, bunaithe ar na samhlacha curtha chun cinn ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus curtha i bhfeidhm ar na hoileáin Eigg agus Ghia in Albain.

Cuspóir 4.2: Teicneolaíocht in-athnuaite agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh d'fhoirgnimh úra agus dóibh siúd atá ann cheana féin

- Togra píolótach nó taispeántach a aithint fá choinne fuinnimh in-athnuaite agus/nó éifeachtacht fuinnimh.
- Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtacht fuinnimh a bheith mar chuid d'fhoirgnimh an oileáin.

Cuspóir 4.3 Saothrú Bithmhaise

Scrúdaigh na féidearteachtaí chun bithmhais a fhás ar thalamh feirmeoireachta neamhúsáidte.

⁴ 'The Potential for Community Ownership of Wind farms in Ireland', Coimisiún Forbartha an Iarthair, 2004

TÉAMA 5: TURASÓIREACHT

An Dúshlán

Gnéithe agus deiseanna féideartha ar Oileán Árainn Mhór a aithint agus a fhorbairt.

Na Fíricí

Tá turasóireacht oileán a chur chun cinn in Éirinn mar tháirge uathúil.⁵ Tá an turasóireacht mar chúl taca na heacnamaíochta ar an oileán. Cé go bhfuil an bád farantóireachta úr do phaisinéirí ina fheabhas mhór ar rochtain ar an oileán, tá sé tábhachtach go mbeadh áiseanna agus táirgí ar chaighdeán maith le daoine a mhealladh le fanacht níos faide ar an oileán agus mar sin, ag cur lena gcaiteachas ar an oileán. Caithfidh áiteacha tuaithe agus go háirithe oileáin oibriú i bhfad níos dícheallaí chun dul in iomaíocht sa mhargadh idirnáisiúnta turasóireachta, ina bhfeictear méadú ar thurasóireacht chuig na cathracha le táillí aeir saor agus margáí maithe in óstáin agus níos mó tréimhsí saoire gairide.

Le tairbhe iomlán a bhaint amach mar cheann scríbe turasóireachta, caithfidh Oileán Árainn Mhór díriú ar na tréithe uathúla atá ann. Tá neart acmhainní nádúrtha ag an oileán, a dhéanann é fóirsteanach mar ionad saoire do shiúlóidí, fairtheoireacht éan, snámh, fairtheoireacht míol mór, tumadóireacht, iascaireacht loch agus farraige.

Cé go bhfuil dhá bhád áitiúil ar fáil fá choinne muiriascaireacht slaite, d'fhéadfaí níos mó forbartha agus bolscaireachta a bheith déanta. Tá neart éisc sna huiscí thart ar an oileán, ina measc cadóg, langa, concar, mangach, ballán, sciata, turbard agus leathóg.

Tá iascaireacht fíoruisce ar fáil ar locha an oileáin. Tá gá le hathstocáil a dhéanamh orthu sin agus bheadh fáilte roimh chosáin siúil thart cois na loch. Tá dhá loch ina bhfuil an breac donn iontu agus is í Loch Soir an t-aon loch san Eoraip ina bpóran an breac dea-dháthach go nádúrtha.

D'fhéadfaí forbairt a dhéanamh ar ghnéithe macasamhail muintir an oileáin, an oidhreacht, an stair agus an cultúr agus an Ghaeilge. Thig le teacht isteach maith a bheith as teagasc na gceardaíochtaí tradisiúnta (go minic, foinse ioncaim níos fearr ná a bheith ag díol na n-earraí féin), cé go bhfuil teagasc agus an díol araon tábhachtach.

Le tamall anuas, tá an t-oileán mar cheann scríbe fá choinne cóisir roimh-bhainis. Tá conspóidí áitiúla ag baint leis sin. D'fhéadfaí cur leis an mhargadh sin tríd turais báid agus imeachtaí eile a eagrú agus bainistíocht níos fearr a dhéanamh.

Tá lóistín le fáil ar an oileán in dhá óstán, 15 teach leaba agus bricfeasta, agus 4 láthair féin-fhreastal lena n-áirítear brú le 32 leaba, 2 theach féin-fhreastal, 2 aonad féin-fhreastal ag an teach solais agus an Baile Saoire ina bhfuil 8 dteach féin-fhreastal.

Is le Comharchumann Oileán Árainn Mhóir an Baile Saoire, agus is iad a d'fhorbair agus a bhainistíonn é. Léirigh suirbhé samplach a rinneadh ag an Bhaile Saoire i Samhradh na bliana 2007 gur tríd fhocal béil a chuala an chuid is mó de na daoine

⁵ www.irelandsislandsc.com agus www.discoverireland.ie

faoi na tithe saoire, agus gur tháinig siad chuig an oileán le cuairt a thabhairt ar a dteaghlach. Ba as an Ríocht Aontaithe nó as áit eile in Éirinn an chuid is mó de na daoine a bhí ag fanacht sa Bhaile Saoire, agus bíonn siad ag siúl nó ag tabhairt cuairt ar an teaghlach nuair a bhíonn siad ar an oileán.

San iomlán, bhí na daoine sa Bhaile Saoire breá sásta leis an lóistín. Bhí na daoine a bhí páirteach sa suirbhé measartha sásta le caighdeán agus leis an mothú timpeallachta sa lóistín ach ní raibh siad chomh sásta sin leis na seirbhísí atá ar fáil ar an láthair. Dúirt siad uilig go bpillfeadh siad chuig an Bhaile Saoire, agus go molfadh siad an áit do dhaoine eile.

Rinneadh na tithe sa Bhaile Saoire a phéinteáil ar na mallaibh, ach tá gá le bearta chun a n-éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú agus ar an dóigh sin na costaisí reatha a fheabhsú. Mar a bhí léirithe sa suirbhé ag na daoine a bhí ag fanacht sna tithe, tá feabhsú de dhíth ar na haonaid, go háirithe ar na seomraí folctha agus ar na cistiní, agus áiseanna úra caithimh aimsire ar an suíomh riachtanach fosta. Cinnteoidh na feabhsúcháin sin uilig brabúsacht an tionscnaimh seo.

Thaispeáin suirbhé samplach turasóireachta ginearálta a rinne Comharchumann Oileán Árainn Mhóir i samhradh na bliana 2007 gur ar thuras lae nó ag tabhairt cuairt ar a dteaghlach a bhí an mhórchuid de na turasóirí ar an oileán. Ag siúl, ag tabhairt cuairt ar oileáin eile nó ar cuairt ag teaghlach na príomh ghníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag cuairteoirí. An tírdhreach agus na daoine na gnéithe is mó a thaitin leis na cuairteoirí chuig an oileán. Chuir easpa gníomhaíochtaí agus easpa áiteacha/bialanna le béilí a bheith acu iontu díoma ar a lán daoine. Is fiú a thabhairt faoi deara gur dhúirt cuairteoirí a ghlac páirt sa suirbhé cé go raibh an córas taistil chuig an oileán ar fheabhas, go raibh an córas iompair ar an oileán go bocht, agus go raibh fáil ar eolas faoin oileán roimh theacht agus ar an oileán féin bocht fosta.

D'fhéadfadh féidearthacht a bheith le cosán turasóireachta chráifeach ag ceangail na scrín éagsúla agus áiteanna suimiúla, agus a bheadh ag comhlánadh Siúlóid Árainn Mhór atá forbartha go maith.

D'fhéadfaí seanfhoirgneamh an gharda cósta a fhorbairt mar lóistín turasóireachta nó mar bhialann. Is le hÚdarás na Gaeltachta an foirgneamh.

Tá ionad tumadóireachta molta don oileán. Tá pleananna ullmhaithe do chúirteanna leadóige.

Tá bia táirgthe go háitiúil, cosúil le bia farraige nó táirgí sainiúla eile bia, mar chuid thábhachtach den táirge turasóireachta tuaithe agus moltar go mór iad. Cuirfidh an coincheap margaíochta Beoir Árainn Mhóir leis an taithí turasóra ar an oileán, cé nach ndéantar an beoir ar an oileán.

I gcomhairleacht le Fáilte Éireann an Iarthuaiscirt, dúirt Oifigeach Forbartha Thurasóireacht an Iarthuaiscirt go bhféadfaí féidearthacht turasóireachta an oileáin a fhorbairt mar a leanas:

- Deireadh a chur le dumpáil agus plean bainistíochta dramhaíola agus bruscair a chur le chéile agus a mhaoiniú
- Méadú ar líon agus ar éagsúlacht lóistín aitheanta turasóireachta ar an oileán (Leaba & Bricfeasta, féin-fhreastal, brú nó campáil) le daoine a mhealladh ar mhaithe le fanacht trémhse níos faide.
- Méadú agus cur chun cinn ar ghníomhaíochtaí do na turasóirí agus ar eiceathurasóireacht, lena n-áirítear turais siúil, siúlóidí oidhreachta/stairiúla/mara agus míniú ar oidhreacht nádúrtha
- Crúthú imeachtaí le téamaí áirithe le siamsaíocht thraidisiúnta, go háirithe lasmuigh den phríomhshéasúr turasóireachta
- Seirbhísí cosúil le rothair ar chíos, áiteacha le béilí a fháil ar luachanna éagsúla, áiseanna oiriúnach do ghníomhaíochtaí a chur ar fáil
- Feabhsú ar bhonneagar bunúsach ar an oileán, cosúil le leithris poiblí, páirceáil do charranna, agus comharthaíocht a bheadh ina bhuntáiste do na hoileánaigh agus do chuairoteoirí
- Córas iompair a chur ar fáil do chuairoteoirí thart ar an oileán, b'fheidir mar chuid den seirbhís taistil tuaithe atá ar fáil cheana féin do na hoileánaigh
- Tacaíocht a chur ar fáil do fhiontraíocht, agus fiontraíocht a chur chun cinn do na hoileánaigh, d'eisimircigh ag pilleadh abhaile, agus dóibh siúd ar mian leo cur fúthu ar an oileán

Maidir leis an phointe luaite thuas, thaispeáin an suirbhé teaghlaigh ar an oileán sa bhliain 2006 gur mian leis na hoileánaigh pilleadh abhaile. Tá sé seo le feiceáil sa líon daoine a tháinig ar ais le cónaí in Árainn Mhór. Tá dearcadh eile ar fhiontraíocht riachtanach ar an oileán. Ní thiocfaidh sé sin ach as am caite áit éigin eile.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí molta

Cuspóir 5.1: Forbairt ghearrthéarmach ar lóistín agus ar áiseanna do thurasóirí

- Forbairt ar ionad fhairtheoireachta éan agus míol mór agus an cheist faoi úsáid an choimín a réiteach
- Éascaíocht ar fhorbairt promanáid ag Léadhb Gharbh maraon le háiseanna turasóireachta
- Spóirt Uisce/Caitheamh Aimsire Mara: Forbairt ar áiseanna ar thalamh do thurasóireacht, ina measc sleamhnán ag Poll an Mhadaidh, leithris agus foscadh ag an Ché, agus áiseanna ag na trána uilig ar an oileán
- Forbairt a dhéanamh ar tháirgí uathúla, pacáistí agus táirgí áitiúla a bhaineann tairbhe iomlán as acmhainní an oileáin féin (suiómh, farraige, daoine, éanacha, Gaeilge) agus comhordú a dhéanamh ar chóras iompair do thurasóirí.
- Aithint agus cur chun cinn deiseanna pobail agus príobháideacha sa turasóireacht don oileán, ina measc lóistín uasghrádaithe úr agus éagsúil agus áiseanna úra cosúil le cóir sómasach/spa/folcadh feamainne.
- Breis luach a chur le grúpaí réamh-bhainis ag teacht chuig an oileán.

- Athfhorbairt ar an Bhaile Saoire le tréithe inbhuanaitheacha agus éifeachtacht fuinnimh.
- Áit campála a chur ar fáil do phubail agus do veaineanna campála.

Cuspóir 5.2: Táirgí úra turasóireachta, cur chun cinn agus áiseanna traenála a fhorbairt

- An t-oileán a chur chun cinn mar mar cheann scríbe turasóireachta tríd thógra mór suntasach a fhorbairt.
- Bialanna úra a chur ar fáil, nó uasghrádú ar na cinn atá ann cheana, ag cur béime ar tháirgí bia áitiúla. Forbairt ar tháirgí sainiúla bia le branda Árainn Mhór, cosúil le hiasc agus bia mara, beoir, táirgí orgánacha áitiúla, uaneoil agus caoireoil.
- Forbairt a chur chun cinn ar an ionad tumadóireachta, ar iascaireacht slaite ar loch agus ar muir, agus turais baid cosúil le dul ó oileán go hoileán, agus fairtheoireacht éan, míol mór agus deilf.
- Cur chun cinn turasóireachta le feachtais náisiúnta agus láithreán gréasáin
- Traenáil i scileanna turasóireachta agus fáilteachais a chur ar fáil ar an oileán.
- Clár rialta de chúrsaí ginearálta Gaeilge, ceoil traidisiúnta, ealaíne agus ceardaíochta le cur leis na gníomhaíochtaí i dtéama na turasóireachta.

TÉAMA 6: FEIRMEOIREACHT AGUS IASCAIREACHT

An Dúshlán

Tá go leor scríofa faoin mheath a tháinig ar an fheirmeoireacht agus ar an iascaireacht ar an oileán, agus tá an scéal mar an gcéanna ar an mhórhír. Forbairt ar dheiseanna úra feirmeoireachta agus iascaireachta mar dhóigh le fostaíocht inbhuanaithe ag teacht leis an timpeallacht a chur ar fáil a bheidh mar dhúslán don todhchaí.

Na Fíricí faoi Fheirmeoireacht

Lean an fheirmeoireacht ag dul i léig ar oileán Árainn Mhór ó rinneadh an t-áireamh talmhaíochta deireanach sa bhliain 1098. Sa bhliain 1980, bhí 263 gabháltas ar an oileán, 76% acu níos lú ná 15 acra, agus caoirigh mar phríomh tháirge.

Tugann áireamh talmhaíochta na bliana 2000 pictiúr gruama den fheirmeoireacht ar an oileán. Tá líon na ngabháltas íslithe go 40, iad uilig faoi 10 heicteár (24.71 acra) agus iad uilig rangaithe mar fhiontair ag díriú ar chaoirigh. Slí bheatha uaigneach an fheirmeoireacht ar an oileán. Tá gach ceann den 40 feirm bheag a oibriú ag duine amháin i ngach cás ach amháin i dhá cheann ina bhfuil tacaíocht le fáil ó chéile. Níl aon oibríthe rialta teaghlaigh feirme nó neamh-feirme ar fheirmeacha an oileáin..

Léirigh alt i nuachtán áitiúil⁶ na míbhuntáistí móra a bhíonn ag cur isteach ar fheirmeoirí Árainn Mhór agus na n-oileán eile de réir Chumann na bhFeirmeoirí, an IFA. Tá costas breise iompair ar fheirmeoirí na n-oileán ag tabhairt a gcuid ainmhithe chuig marglanna ar an tír mhór. Míbhuntáiste eile dóibh go mbíonn a fhios ag na ceannaitheoirí nach mbeidh fonn ar fheirmeoirí na n-oileán a gcuid ainmhithe a thabhairt ar ais abhaile leo mura bhfaighidh siad an luach a bhíonn uathu. Chomh maith leis sin, íocann feirmeoirí na n-oileán Cáin Breisluacha ag an pointe ceannaigh agus ar lasta ag teacht chuig na hoileáin. Bhí feachtas ag Cumann na bhFeirmeoirí ag lorg 25% d'ardú sna híocaíochtaí faoi REPS4 d'fheirmeoirí ar oileáin.

Na Fíricí faoi Iascaireacht

Tá an t-eolas is nua-aimseartha faoi earnáil na hiascaireachta le fáil sa staidéar choimisiúnaithe ag Comhdháil na nOileán ar Iascaigh na nOileán Gaeltachta, Márta 2007.⁷ Taispeánann an staidéar sin gur tháinig titim mhór ar an chabhlach iascaireachta ar Oileán Árainn Mhór ón bhliain 1993. Léiríodh an tábhacht atá le heárnáil na hiascaireachta sa chontae in Athbhreithniú ar Thionscal na hIascaireachta, 2006 ag Comhairle Chontae Dhún na nGall.

Rinne staidéar na bliana 1993 cur síos ar 19 trálaer, 10 leathbhád, 10 puntanna agus cupla bád pléisiúir ar an oileán. Dúradh sa staidéar sin nach raibh na báid iascaireachta sin á n-úsáid an méid a d'fhéadfaí. Ag an am sin, bradáin, gliomaigh, portáin, scadáin, fíogaigh agus faocháin na príomhchineálacha éisc, agus cadógaí, murlais agus gobógaí amach chun farraige.

⁶ Donegal News, Dé hAoine, 23 Márta 2007.

⁷ "An Assessment of Fisheries on the Gaeltacht Islands of Ireland: Sustaining island traditions", Nautilus Consultants i gcomhar le MERC Consultants, do Chomhdháil Oileáin na hÉireann, Márta 2007.

Sa bhliain 2007, bhí 16 bád iascaireachta cláraithe ar an oileán, 5 churrach, 2 phunt orkney, 5 leath-bhád, agus 4 bhád níos mó. Ní bheadh gá bádaí eile a chlárú. Portáin dhonna agus veilbhít, bradáin, gliomaigh agus gliomaigh muire a bhí á dtabhairt isteach. Tugadh i dtír luach €989,000, agus meán de €61,828 ag gach bád. B'iad na portáin dhonna a ba luachmhara, b'fhiú €390,000 iad. Tá 15 duine fostaithe go lánaimseartha agus 18 go páirtaimseartha san earnáil seo ar an oileán.

Déantar an iascaireacht ar fad i bhfoisceacht 0.5 míle den chladach. Cuireann na hiascairí lena n-ioncam le sochar sóisialta i rith an gheimhridh, go minic ar bhonn páirtaimseartha nó go mbíonn an céile fostaithe.

Tá cupla cé agus áiseanna le theacht i dtír ar an oileán, ag freastal ar an bhád farrantóireachta chuig tír mór agus tionscal na hiascaireachta. Tá dhá ché ag Léadhb Gharbh agus sleamhnán amháin a úsáideann an bád farantóireachta 'roll-isteach roll-amach'. Tá pointí ceangailte oifigiúla do chuariteoirí lonnaithe ag Leadhb Gharbh, ar a ndéanann Comhairle Chontae Dhún na nGall cothabháil.

Amach as an ché ag An Rannach ar thaobh dheas an oileáin a oibríonn an chuid is mó de na báid iascaireachta. Oibríonn líon beag acu amach as cé Pholl an Mhadaidh in aice le hOileán Gamhna agus as Leadhb Gharbh.

Déanann Staidéar Iascaigh na nOileán Gaeltachta (Comhdhail na nOileán 2007) tagairt don tionchar atá ag an eisimirce ón oileán ar earnáil na hiascaireachta, gan daoine óga ag dul leis. Deir an staidéar go mbeidh tionchar an-mhór ar an méid iascaireachta a bhíonn ar siúl nuair a chuirfear deireadh le hiascaireacht na mbradán le sruthlíoanta.

Luaigh an staidéar a rinne Comhdháil na nOileán, 2007, easpa córais iompair le méideanna beaga de tháirgí úra a thabhairt chuig an mhargadh. Rinneadh tagairt do dheacrachtaí ag An Rannach; an ghá le háit stórála do bhaoite agus do threalamh, agus stór fuar níos mó; agus easpa áiseanna cóirithe agus cóthabhála sa réigiún. Tá easpa áiseanna stórála fuar nó reoiteora ag cur bacanna ar an mhargadh do ghliomaigh agus do phortáin.

Ach le bheith dearfach, deir an staidéar go bhfuil deiseanna ann do mhéadú a dhéanamh ar iascaireacht inbhuanaithe ar scála beag. Bheadh sé sin ina bhuntáiste don timpeallacht agus do phobal an oileáin agus d'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt tríd fheabhsú ar an bhonneagar. Tá deis ann le hiascaigh eile a fhiosrú nó sean chineálacha a athbhunú (m.sh. scadáin) ar mhaithe le táirgí úra agus deiseanna gníomhaíochtaí breisluacha a chruthú.

Tá cumas breise in earnáil na bportán. Chuirfeadh sé sin le hinmharthanacht áiseanna stórala ar-talamh agus le spreagadh eagraíocht margaidh leis an phraghas is fearr a fháil don táirge.

I mí na Márta 2008, bhí sé ráite go forleathan nach raibh mórán de chuid iascairí Árainn Mhór a raibh ceadúnais iascaireachta bradáin acu ag gabháil a ghlacadh páirt i Scéim Cruatan Bradán an Rialtais. Bhí díoma ar mhórán iascairí ar na hoileáin nár tugadh aon aird ar riachtanais na bpobal ar na hoileáin nó ar an tairbhe oidhreacht a bheadh as ligint d'iascaireacht bradán leanstan ar aghaidh ar scála beag. Bhí feachtas ag Comhdhail na nOileán ag iarraidh eisceacht a dhéanamh d'oileánaigh, ach ní raibh maith ann. Níl fonn ar iascairí páirt a bheith acu i scéimeanna.

I mí Márta 2008, fógraíodh go raibh cé úr le tógáil ag An Rannach ar Oileán Árainn Mhór. Tá an ché atá ann faoi thionchar na taoide, ró-bheag agus níl doimhneacht

uisce ann do na báid níos mó atá in úsáid anois. Beidh an ché úr 50 méadar ar fhaid le casadh de 15 méadar fá choinne foscaidh agus tonnchosc 80 méadar ar fhaid faoi uisce. Tá costas measta de €8m ar an obair. Beidh an dearadh agus na ceadanna reachtúla ag dul ar aghaidh i rith na bliana 2008 agus táthar ag súil le tús a chur leis an obair sa bhliain 2009.

Gníomhaíochtaí molta

Cuspóir 6.1: Éagsúlú iascaireachta agus ath-thraenáil

- Clár ath-thraenála a chur ar fáil d'iascairí ar mian leo éirí as an earnáil.
- Forbairt fiontair a spreagadh, dírithe ar earnáil na hiascaireachta (muirshaothrú ar-talamh, feirmeoireacht éisc, iasc deataithe, breisluach)
- Éascaíocht a dhéanamh ar an fhorbairt molta ag An Rannach.

Cuspóir 6.2 Éagsúlú talmhaíochta

- Táirgeadh glasraí agus torthaí orgánacha a spreagadh mar dhóigh le féinmhúinín a mhéadú, cur le hioncaim nó mar tháirge easportála.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhiontair talmhaíochta áitiúla tríd tháirgí caoireola agus gairneoireachta le branda.

TÉAMA 7: ROCHTAIN & CUMARSÁID

An Dúshlán

Rochtain chuig/as an oileán a fheabhsú, bonneagar iompair ar an oileán a fheabhsú agus taighde a dhéanamh ar mhaithe leis an tseirbhís idirlín chuig Oileán Árainn Mhór a fheabhsú.

Na Fíricí

Faoi láthair tá Árainn Mhór ceangailte le tír mór le bád farantóireachta “roll isteach roll amach” idir Ailt an Chorráin agus an ché ag Léadhb Gharbh. Tá an seirbhís farantóireachta a cur ar fáil ag Maoín na Farraige agus tá fóirdheontas ar fáil ó Rialtas na hÉireann. Is féidir leis an bhád 128 paisinéir agus tuairim is 8 feithicil a iompar agus glacann an turas 15-20 bomaite. Tá foscadh a thabhairt ag oileáin bheaga idir Árainn agus an tír mór agus thig leis an bhád taisteal i ngach cineál aimsire ach amháin nuair a bhíonn fíor-dhoineann ann.

Fágann an bád farantóireachta an ché ag Ailt an Chorráin ag 8.30 r.n. gach maidin i rith na bliana, ag reáchtáil de ghnáth gach dhá uair a chloig, an seoladh deireanach ag 5.00 i.n. sa gheimhreadh agus 8.00 i.n. i lár an tSamhraidh. Fágann an bád Árainn Mhór ag 9.00 r.n. i rith na bliana, ag rith de ghnáth gach 1.5 uair a chloig, an seoladh deireanach ag 5.30 i.n. sa gheimhreadh agus 8.30 i.n. i lár an tsamhraidh.

Tá na hamanna seo teorannach do dhaoine a théann amach ón oileán chuig a gcuid oibre nó chuig coinní cosúil leis an otharlann, nó do dhaoine a bhíonn ag pilleadh abhaile níos moille ag an deireadh seachtaine i ndiaidh a gcuid oibre nó a bheith as baile.

Tá príomhché Árainn Mhóir ag Léadhb Gharbh. Tá céanna agus sleamhnáin fosta ag Athphort. Baile an tSraitha, Poll an Mhadaidh, Léadhb Gharbh agus Staca Mór.

Tá deich míle de bhóithre Contae agus tríocha míle de bhóithre portaigh agus bóithre príobháideacha ar an oileán. Tá caighdeán réasúnta maith ag na príomhbhóithre. Tá droch chaighdeán ag bóthar Bhaile Árd chuig na cnoic. Déanann Comharchumann Oileán Árainn Mhóir cothabháil ar bhóithre le maoiniú ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, ach is bóithre contae amháin a ndéantar obair orthu faoin socrú seo. Bíonn an trácht níos troime sa samhradh.

Úsáideann an chuid is mó de na daoine a d’fhreagair an suirbhé carranna mar mhódh iompair, ansin tarracóirí agus rothair sa tríú áit. Sa bhliain 1992, bhí 70 rothar ar an oileán, ach i suirbhé na bliana 2006 ní raibh ach 13 luaite. Tá titim mhór ar rothaíocht, síos go dtí 20% den úsáid sa bhliain 1992.

As na teaghlacha a thug freagra ar an suirbhé maidir le rochtain ar an idirlíon, bhí 44 in iomlán a thug freagra, agus 41 acu le rochtain ar an idirlíon tríd chuntas diailithe. Tá leathanbhanda curtha ar fáil, ach bheadh leathanbhanda gan sreanga inmhianta. Tá aeróg fón póca ar an oileán, cúis achrainn roimhe seo.

Ba é tuairim roinnt teaghlach go raibh gá le tuilleadh soilse poiblí.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta

Cuspóir 7.1: Rochtain níos solúbtha

- Leathnú ar fhóirdheontais don bhád farantóireachta paisinéirí chomh maith le seirbhís báid farantóireachta níos mó.
- Cinntiú go mbeidh amanna na seirbhísi farantóireachta solúbtha
- Leathanbhanda gan sreanga a fhiosrú don oileán
- Leanúint le clár feabhsúcháin bóthair
- Breis soilse poibí ag úsáid fuinnimh gréine

Cuspóir 7.2 Laghdú ar úsáid fheithiclí ar an oileán

- Scéim rothar saor in aisce a bhunú do chuairoteoirí
- Fiosrú a dhéanamh ar úsáid fheithiclí le cumhacht leictreach

Tá Comharchumann Oileán Árainn Mhór Teo ag obair i gcomhar le Comhairle Chontae Dhún na nGall le réimse seirbhísí a sholáthar do bhailiúchán dramhaíola agus athchúrsáil ar an oileán. Ina measc tá:

- Banc ‘Beir chuige’ do ghloine, alúmanam agus cannaí miotail
- Bailiúchán sean cheallraí carr
- Muiríneoirí tí a dhíol
- Bailiúchán dhá uair sa bhliain de threalamh ré-chaite leictreonach agus leictreach
- Oibriú leis an Chomhairle Contae ar chur i bhfeidhm an Phlean Bainisteoireachta Dramhaíola don oileán do na cúig bliana amach romhainn.

Ina chuid comhráite le Fáilte Éireann an Iarthuaiscirt, dúirt Oifigeach Forbartha Turasóireachta an Réigiúin go bhfaigheann siad tuairiscí go minic ó chuiditheoirí a chuireann in iúl go bhfuil díomá mhór orthu faoi bhruscar agus dumpáil a bhíonn le feiceáil. Tá scór íseal faighte ag an oileán i gcomórtais Bhailte Slachtmhara na nOileán. Tharraing an tOifigeach aird ar an ghá atá le plan bainistíochta dramhaíola chuimsitheach, a bheas maoinithe mar is cóir, má tá Árainn Mhór le hiomlán buntáiste a bhaint amach mar cheann scríbe turasóireachta.

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta

Cuspóir 8.1 : Laghdú Dramhaíola

- Suíomh Conláiste Cathartha faoi leith d’athchúrsáil agus do bhailiú earraí teagmhasacha ré-chaite agus ábhair chontúirteach dramhaíola tí. Tá suíomh féideartha aitheanta.
- Bailiúcháin dramhaíola tí níos minice agus níos iontaofa, bailiúchán ábhair in-athchúrsáilte san áireamh
- Scrúdú ar fhéidearthacht athúsáide na dramhaíola táirgthe ar an oileán mar ábhar fá choinne dromchla bóthair agus úsáidí eile ar an oileán.
- Tús a chur le déanamh muiríne tí nó pobail agus sábháil bith-ghás a fhiosrú fá choinne teasa agus breosla .
- Oibriú i gcomhar leis an Chomhairle Contae ar mhaithe leis an Phlean Bainistíochta Dramhaíola a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear meastacháin réalaíochta a chur ar fáil agus clár bainistíochta do sheirbhís bailiúchán dramhaíola agus suímh conláiste cathartha.
- Tús a chur le feachtas feasachta ar fud an oileáin agus sna scoileanna i ndáil le laghdú dramhaíola.

Cuspóir 8.2: An ‘Dump’ ag Loch Soir a dhruid

- Glanadh suas agus an ‘Dump’ a dhruid

TÉAMA 8: DRAMHAÍL

An Dúshlán

Mórcheisteanna a bhaineann le bainistíocht dramhaíola faoi láthair ar an oileán a aithint agus tabhairt fúthu.

Na Fíricí

Tá dumpáil mhídhleathach ina fadhb mhór ar an oileán ón am ar dhruid an Chomhairle Contae ionad líonta talaimh an oileáin in aice le Loch Soir ag deireadh na nóchaidí. Ag an am sin, thosaigh an Chomhairle Contae ag tabhairt amach conarthaí bailiúcháin dramhaíola agus ag cur na dramhaíola amach chuig tír mór. Ar na mallaibh, laghdaíodh minicíocht an bhailiúcháin dramhaíola ó uair amháin sa t-seachtain go dtí dhá uair sa mhí (le bailiúcháin dhá uair sa t-seachtain i rith an tsamhraidh agus ag amanna saoire).

Cé gur dhúirt 93% de na daoine a thug freagra ar an cheistneoir teaghlaigh go mbaineann siad úsáid as an tseirbhís bailiúcháin dramhaíola ar an oileán, tá sé soiléir ó shuirbhéanna thart ar an oileán go bhfuil méid áirithe dramhaíola nach bhfuiltear á bhailiú agus go bhfuil sin á dumpáil. I measc an chineál dramhaíola dumpáilte ar an dóigh sin, tá buidéal gloine, earraí móra téagartha cosúil le hearraí bána cistine, troscáin tí, dramhaíl tógála agus go háirithe cupla céad seancharr. Tá an fhadhb le seancharranna cruthaithe ag deacrachtaí le cur i bhfeidhm rialacha tráchta bóthar, agus iompórtáil carranna cláraithe lasmuigh den stát.

Mheas 42% de na freagróirí ar shuirbhé na bliana 2006 nach raibh bailiúcháin dramhaíola minic go leor, agus mheas 95% gur fadhb tromchúiseach ar an oileán an dumpáil mhídhleathach agus gur cheart do na daoine sin an seirbhís dramhaíola atá curtha ar fáil a úsáid. Dúradh fosta sa suirbhé nach raibh an t-seirbhís bailiúcháin déanta ar bhun rialta gach seachtain agus nach ndeachaigh na leoraithe bailiúcháin chuig ceantair tithe áirithe, nach bhfuil aon seirbhís athchúrsála ná déanta muiríne ar an oileán agus nach bhfuil an t-ionad dumpála atá in úsáid faoi láthair a bhainistiú go maith. Tá sé soiléir gur féidir an t-seirbhís atá ann faoi láthair a fheabhsú ar go leor dóigheanna, agus b'fhéidir go laghdódh sé sin an dumpáil mhídhleathach ar an oileán.

Tá dumpáil mhídhleathach a dhéanamh i mórán áiteanna ar fud an oileáin, ach go háirithe ag an Dump ag Loch Soir agus ag Baile Ard. Tamall ó shin, bhí an fhadhb chomh holc sin go raibh an bhagairt ann go mbeadh an foinse uisce don oileán ag Loch Soir truaillithe agus cuireadh fios ar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil lena fhiosrú.

Thug an Comharchumann agus an Chomhairle Contae faoi fheachtas mór glantacháin sa bhliain 2007, inar tógadh na seancharranna agus miotal on dá láthair mhóra dumpála sin. Tá cuid mhór bruscair fágtha agus leanann an dumpáil gan aon mhaolú. Thug an Chomhairle Contae conradh tamall ó shin do chomhairleoirí chun Plean Bainisteoireachta Dramhaíola a ullmhú don oileán.

Cuspóir 8.3: Timpeallacht fhisiciúil fheabhsaithe

- Glacadh le cur chuige ‘Neamhfhulaingthe’ maidir le bruscar agus dumpáil, go háirithe sna ceantair áilleachta is mó agus is feiceálaí.
- Tabhairt faoi ghlanadh suas go rialta.
- Iarracht a dhéanamh marcanna níos fearr a fháil i gcomórtas Bhailte Slachtmhara na nOileán.
- Cur chun cinn agus leanstan le seirbhís na Comhairle Contae do bhailiúchán feithicil ré-chaite.

TÉAMA 9: TITHIOCHT

An Dúshlán

Tithíocht a fhorbairt a shásaíonn riachtanais na n-daoine atá ina gcónaí ar an oileán.

Na Fíricí

Tá an phríomháit chónaithe ar an Léadhb Gharbh agus istigh leis tá eastát bheag de thithíocht poiblí ar an taobh thoir den oileán. Tá grúpaí eile tithe ag Baile an tSratha, Plochóg agus Athphort. Tá siad uilig ar thaobh thoir theas an oileáin, agus tá mórchuid de na tithe cois an phríomhbhóthar a théann ón Léadhb Gharbh go dtí An Rannach.

Chuntas muid 417 teach in iomlán ar an oileán, ina measc 43 teach tréigthe agus 21 teach atá á dtógáil agus nach féidir cónaí iontu go fóill.

Fágann sé sin go bhfuil líon iomlán de 353 teach arb fhéidir cónaí iontu ar an oileán.

D'féadfadh gur tithe saoire nó an dara teach teaghlaigh atá i gcuid mhaith de na tithe sin, ach tá sé deacair a chinntiú cad é atá i gceist le teach saoire, ó tharla go dtagann a lán oileánaigh abhaile ag an deireadh seachtaine nó go míosúil. Glacadh leis gur tithe saoire iad 126 teach ar an oileán (36% de na tithe arb fhéidir cónaí iontu). Meastar go bhfuil 227 teach teaghlaigh ar an oileán, gan tithe saoire san áireamh.

Tá 73% den daonra sna teaghlaigh a thug freagra ar an suirbhé thar 25 bliana d'aois. Tá líon níos mó fir ná mná i mbeagnach gach aoisghrúpa, siad na heisceachtaí an grúpa 11-15 agus 16-17 bliain d'aois. Sa ghrúpa 65-74 bliana d'aois, tá an líon céanna fir agus mná. Sa ghrúpa 18-24 bliain d'aois tá níos mó ná dhá oiread fir agus atá de mhná.

Ag an am a raibh an suirbhé seo á dhéanamh, bhí teach cónaí eile de dhíth ar 20 teaghlach. Dúirt 8 dteaghlach a thug freagra go raibh siad ag iarraidh teach eile ar an oileán. Dúirt cuid acu fosta go raibh easpa tithíocht fhóirsteanach ar an oileán, cibé tithe inacmhainne nó tithe nach raibh fóirsteanach do riachtanais s'acu. Áirítear go bhfuil 43 teach tréigthe agus 21 teach nach bhfuil críochnaithe ar an oileán.

Tá Ionad Faoisimh le 23 seomra leapa fá choinne cóiríocht do dhaoine eislinneacha molta ag Cumann Tithíochta Respond, ag suíomh in aice leis an Ionad Lae. Níl maoiniú socraithe go fóill. Bheadh sé seo fóirsteanach fosta do na heisimircigh ar mhaith leo pilleadh abhaile.

Cuspoirí agus Gníomhaíochtaí molta

Cuspóir 9.1: Ionad Faoisimh a chur ar fáil

- Oibriú agus Eascaíocht ar thógáil Ionaid Faoisimh

Cuspóir 9.2 :Tithíocht níos fearr

- Fiosrú faoi sholáthar Tithíocht Shóisialta agus inacmhainne do chónaitheoirí an oileáin.
- Athchóiriú ar thithe dhúchasacha an oileáin a spreagadh

AG CUR AN PHLEAN I BHFEIDHM

Is próiseas atá sa Phlean Forbartha a chuirfidh tograí chun tosaigh agus a chuideoidh lena gcur i gcríoch. Le linn comhairliúcháin don Phlean agus á ullmhú, cuireadh roinnt tograí ar siúl - tógáil ar shiúl feithiclí ré-chaite, críochnú na háite súgartha agus an Garda ar an oileán.

D'fhéadfaí go leor de na gníomhaíochtaí atá liostaithe a bhaint amach sna cúig bliana de thréimhse saoil an Phlean seo. Is iad Comharchumann Oileán Árainn Mhóir, agus coistí éagsúla ar an oileán agus muintir an oileán, a bhfuil an Comharchumann mar ionadaí acu, atá freagrach i ndeireadh an lae as cur i bhfeidhm an Phlean.

Beidh tacaíocht agus páirtíocht na ngníomhaireachtaí fíor thábhachtach chun go mbeidh rath ar an Phlean seo. Cuirfidh cur i bhfeidhm Phlean Forbartha Árainn Mhóir ualach breise ar fhoireann forbartha an Chomharchumainn, agus mar sin, moltar oibrí forbartha breise.

Ba cheart coiste stiúrtha a bhunú, ar a mbeidh ionadaíocht ó na ngníomhaireachtaí le díriú ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha eagsúla atá leagtha síos. Ba cheart go gclúdódh sin monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn ar bhun bliantúil ar a laghad.

Ba cheart muintir an oileáin a choinneáil ar an eolas faoin Phlean agus faoin dul chun cinn atá a dhéanamh, ag baint úsáide as cruinnithe áitiúla, poiblíocht áitiúil, an nuachtlitir pobail atá molta, agus láithreán idirlín.

Tiocfaidh ábhair agus deiseanna eile chun tosaigh gur féidir a tharraingt isteach sa Phlean.

Tábla 10. Achoimre ar Thograí do Phlean Fobartha Oileán Árainn Mhóir

TÉAMA: 1 GAEILGE AGUS CULTÚR GAELACH					
<i>Aidhm</i>	<i>An Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a láidriú ar an oileán</i>				
Cuspóir	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(1.1) An teanga a chur chun cinn	1.1.1 Glacadh le plean forbartha don Ghaeilge agus é a chur i bhfeidhm	COAMT UnG	UnG	Gearrthéarmach	Beidh níos mó daoine bródúil as a bheith ag labhairt na Gaeilge agus ag baint taitnimh as a gcultúr. Beidh níos mó daoine ag labhairt Gaeilge go laethúil, beag beann ar a n-aois nó a gcumas. Cuirfidh an chomharthaíocht uathúil Ghaelach agus na tionscnaimh ealaíne pobail leis an timpeallacht agus an chultúr.
	1.1.2 Cur chun cinn ar phleananna agus pholasaithe don Ghaeilge a ullmhú ag gnónna agus ag grúpaí pobail agus deonacha.	Tionscnóirí UnG	UnG		
	1.1.3 Oifigeach teanga/forbartha pobail a fhostú		UnG		
	1.1.4 Comhionannas teanga a chur chun cinn sa Mheán Scoil	Coiste Gairmoideachais			
	1.1.5 Úsáid na Gaeilge a mhéadú tríd chlár rialta cúrsaí agus imeachtaí sóisialta a chur ar fáil do dhaoine as gach aois ghrúpa agus gach cumas.	COAMT Coláistí Gaeilge	UnG		
	1.1.6 Breis comharthaíochta dátheangach a chur suas.	CC D na nG- Bóithre COAMT	Foras na Gaeilge CC Dna nG		
	1.1.7 Togra ealaíne pobail a chur i gcríoch a léireoidh an teanga agus imeacht chomhlántach chultúrtha/stairiúil.	CC D na nG; RnG COAMT	CC D na nG RnG		

TÉAMA: 2 FORBAIRT POBAIL AGUS ÁISEANNA					
<i>Aidhm</i>	<i>Forbairt pobail níos láidre agus comhordaithe le réimse níos mó áiseanna</i>				
Cuspóirí	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(2.1) Forbairt pobail a láidriú	2.1.1 Gníomhaíochtaí spóirt a eagrú do dhaoine ar gach aois	Coistí an oileáin atá faoi scáth an chomharchumainn COAMT COAMT COAMT; An Garda Síochána An Garda Síochána COAMT	UnG INTERREG IV	Gearrthéarmach	Beidh tacaíocht ag COAMT ina ról forbartha pobail.
	2.1.2 Bain uasmhéid úsáide as áiseanna pobail atá ann cheana féin mar ionaid d'oideachas agus d'imeachtaí				Beidh úsáid níos éifeachtaigh bainte as acmhainní an oileáin. Beidh cumarsáid níos fearr ar fud an oileáin
	2.1.3 Méadaigh cumarsáid idir ghrúpaí agus fógraíocht ar fud an oileáin uilig				
	2.1.4 Nuachtlitir pobail a chur ar fáil				
	2.1.5 Nuachtlitir pobail a chur ar fáil níos minicí				Móthóidh daoine níos sábháilte ina gcuid tithe
	2.1.6 Grúpa pobal ar aire a eagrú don oileán uilig				Cuirfear le saol an phobail ar an oileán tríd fhoghlaim ó phobail oileán eile .
	2.1.7 Lean leis an Garda ar an oileán go séasúrach				
	2.1.8 Lean leis na nascanna trasnáisiúnta agus INTERREG				

<p>(2.2) Breis áiseanna pobail a chur ar fáil</p>	<p>2.2.1 Éascaíocht ar sholáthar foirgnimh iol-úsáide spóirt agus caithimh aimsire faoi dhíon ag an Choiste Gairm oideachais ag an mheán scoil</p> <p>2.2.2 Éascaíocht ar sholáthar páirce uile aimsire in aice leis an Bhaile Saoire nó na páirce peile</p> <p>2.2.3 Fiosrú faoi sholáthar linn snámha téite ag úsáid fuinnimh inathnuaite gaoithe nó toinn</p>	<p>Coiste Gairmoideachais, RnG, COAMT</p> <p>CC D na nG COAMT</p> <p>Cumann Peile COAMT RnG COAMT Forbróir fuinnimh</p>		<p>Gearrthéarmach</p>	<p>Beidh raon níos leithne acmhainní spóirt agus pobail ar fáil don phobal a thabharfaidh cáilíocht an bheatha níos fearr agus a spreagfaidh daoine le fanacht ar an oileán agus teaghlaigh úra le theacht ann.</p>
--	---	---	--	-----------------------	---

TÉAMA : 3		FOSTAÍOCHT			
<i>Aidhm</i>	<i>Deiseanna fostaíochta agus oideachais a mhéadú ar oileán Árainn Mhór</i>				
Cuspóir	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(3.1) Bunús traenála níos leithne a chur ar fáil, infheistíocht a mhealladh isteach agus fiontraíocht a chur chun cinn	3.1.1 Anailís ar riachtanais traenála	COAMT FÁS	FÁS /UnG	Gearrthéarmach	Beidh rannpháirtíocht níos iomláine ag an oileán san eacnamaíocht áitiúil, reigiúnach agus náisiúnta. Pillfidh níos mó eisimircí ar an oileán chun gnónna a bhunadh. Beidh scileanna úra teicneolaíochta ag muintir an oileáin.
	3.1.2 Comhdháil forbartha gnó a eagrú chun fiontraíocht agus infheistíocht isteach a spreagadh	COAMT FÁS UnG	FÁS UnG CnO		
	3.1.3 Traenáil sna scileanna riachtanacha a chur ar fáil, cosúil le teicneolaíocht gnó agus faisnéise, teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite agus éifeachtacht fuinnimh	COAMT CC D na nG			
	3.1.4 Traenáil sna scileanna riachtanacha a chur ar fáil, cosúil le teicneolaíocht gnó agus faisnéise, teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite agus éifeachtacht fuinnimh	FÁS COAMT SEI	FÁS UnG CnO		
(3.2) Forbairt ar ghnó gairmiúil seirbhíse aistriúcháin	3.2.1 Fiosraigh féidearthacht seirbhíse aistriúcháin a fhorbairt agus an chreidiúint a bheidh riachtanach	COAMT Fiontraihte	UnG	Gearrthéarmach	Cuirfear gnó uathúil Gaelach ar bun .

TÉAMA: 4 INBHUANAITHEACHT AGUS FUINNEAMH INATHNUAITE					
Aidhm	Cineálacha fuinnimh inbhuaine agus inathnuaithe a fhorbairt ar oileán Árainn Mhór				
Cuspóirí	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(4.1) Aimsigh foinse fuinnimh inathnuaithe tráchtála ar an oileán a bheidh ina bhuntáiste don phobal	4.1.1 Coimisiniú ar Staidéar Féidearthachta Fuinnimh Gaoithe don Oileán	COAMT	UnG	Gearrthéarmach	Beidh an réamhobair déanta do thogra fuinnimh gaoithe pobail ag a mbeidh féidearthacht ioncam agus fostaíocht shuntasach a chur ar fáil don oileán
	4.1.2 Fiosraigh comhpháirtíocht pobail agus comhlachta tráchtála fuinnimh gaoithe bunaithe ar shamhail curtha chun cinn ag Coimisiún Forbartha an Iarthair, nó iad sin curtha i bhfeidhm ar na hoileáin Albanacha Eigg agus Ghia.	COAMT UnG SEI CC D na nG Fiontraí comhlachta fuinnimh	UnG SEI	Gearrthéarmach	
(4.2) Teicneolaíocht inbhuaine agus inathnuaithe a chur ar fáil agus a spreagadh d'fhoirgnimh úra agus dóibh sin atá ann cheana	4.2.1 Togra píolótach nó taispeántach a aithint, cosúil leis an Bhaile Saoire, d'fhuinneamh inathnuaithe agus/nó éifeachtacht fuinnimh	COAMT SEI RnG UnG	RnG UnG	Gearrthéarmach	Beidh an Baile Saoire ag déanamh brabús. Beidh an pobal oileánach féindhóthanach.
	4.2.2 Teicneolaíocht fuinnimh inathnuaithe agus éifeachtachta fuinnimh a bheith curtha i ngach foirgnimh úr agus a chur i bhfoirgnimh níos sine	COAMT SEI RnG UnG	RnG UnG SEI	Gearr/Fadtéarmach	
(4.3) Saothrú bithmhaise	4.3.1 Tabhairt faoi saineolas a chuir ar fáil i dtaca le breosla bithmhaise a fhás ar thalamh neamhúsáidte ar an oileán	SEI Teagasc COAMT Fiontraithe	SEI UnG CnO	Gearrthéarmach	Deiseanna nua gnó d'fheirmeoirí, leas a bhaint as talamh neamh úsáidte; cuir le féin dóthaine na ndaoine

TEAMA : 5 TURASÓIREACHT					
Aidhm	Turasóireacht a láidriú agus a mhéadú				
Cuspóir	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(5.1) Forbairt ar áiseanna turasóireachta agus ar lóistín	5.1.1 Forbairt ar an stáisiún feitheoireachta éan agus míol mór	CC D na nG COAMT	CC D na nG	Gearrthéarmaigh	Tiocfaidh níos mó turasóirí chuig an oileán ar thurais lae agus thar oiche.
	5.1.2 Táirgí uathúla áitiúla agus pacáistí a fhorbairt a bhaineann tairbhe iomlán as acmhainní an oileáin féin (suíomh, an fharraige, na daoine, éanacha, Gaeilge), agus comhordú ar chóras iompair do thurasóirí	COAMT UnG	UnG/ CnO RnG SEI		Níos mó gnó agus mar sin níos mó postanna cruthaithe sna seirbhísí agus san turasóireacht.
	5.1.3 Éascaíocht ar fhorbairt promanáid ag Léadhb Garbh	CC D na nG COAMT	CC D na nG RnG		Beidh tuiscint níos fearr ag na hoileánaigh ar a dtimpeallacht agus an gha ata lena chosaint agus a fheabhsú.
	5.1.4 Cur chun cinn na forbartha ar ionad tomadóireachta; iascaireacht slaite ar loch agus ar muir; turais baid cosúil le cuairt ar oileáin eile, fairtheoireacht éan, míol mór agus deilf	RnG Fiontraithe COAMT	CnE UnG FáilteEireann		Beidh fonn ar thurasóirí a theacht ar ais bliain i ndiaidh bliana.
	5.1.5 Deiseanna fiontair príobháideacha agus pobail a aithint agus a chur chun cinn sa turasóireacht ar an oileán, ina measc lóistín úr agus uasghrádaithe éagsúil, agus áiseanna úra mar chóiriú ardluacha/spa/folctha feamainne	Fiontraithe COAMT	CnE UnG		
	5.1.6 Athchóiriú agus uasghrádú ar na haonaid sa Bhaile Saoire, le gnéithe	COAMT			

	<p>fuinnimh inathnuaite</p> <p>5.1.7 Forbairt ar áiseanna cosúil le sleamhnán ag Poll a' Mhadaidh, leithris agus foscadh ag an ché farantóireachta</p> <p>5.1.8 Áis campála do phubail agus do veaineanna campála</p>	<p>SEI UNG</p> <p>RNG DCC</p> <p>RNG DCC</p>			
<p>(5.2) Táirgí úra turasóireachta, cur chun cinn agus áiseanna traenála a fhorbairt</p>	<p>5.2.1 Togra mór suntasach turasóireachta a fhorbairt</p> <p>5.2.2 Áiseanna Caifé/bialanna úra a chur ar fáil nó uasghradú ar na cinn atá ann cheana ag cur béime ar bhia táirgthe go háitiúil. Saintáirgí le brannda Árainn Mhór a fhorbairt, cosúil le hiasc agus bia farraige, Grúdlann, táirgí orgánacha, uan agus caoireoil.</p> <p>5.2.3 Ullmhaigh agus spreag tosaíochtaí turasóireachta bunaithe ar acmhainní an oileáin – an teanga, éanacha, an fharraige; breisluach le cóisir réamhbhainis.</p> <p>5.2.4 Cur chun cinn forbairt an Ionad Turasóireachta, iascaireacht slaithe ar loch agus ar muir, agus turais báid m.sh. chuig oileáin, fairtheoireacht eán, míol mór agus deilf.</p> <p>5.2.5 Cur chun cinn na turasóireachta ar an oileán tríd fheachtais náisiúnta agus láithreáin idirlín.</p>	<p>COAMT</p> <p>Fiontraihte COAMT</p> <p>Fiontraihte COAMT</p> <p>CnO COAMT Lucht Turasóireachta COAMT FAS CnO</p> <p>CNO COAMT FI</p>	<p>Fáilte Éireann UnG UnG CnO</p> <p>CnO UnG</p> <p>CnO</p> <p>FAS CnO</p>		<p>Tiocfaidh níos mó cuairteoirí chuig an oileán.</p> <p>Beidh forbairt ar níos mó gnónna agus deiseanna fostaíochta chun seirbhísí a chur ar fáil don eacnamaíocht turasóireachta.</p> <p>Bhéarfaidh cur chun cinn ar thograí beaga le chéile níos mó cuairteoirí isteach</p> <p>Beidh feabhas ar chaighdeán seirbhíse agus tháirgí turasóireachta.</p>

	<p>5.2.6 Cur traenáil i scileanna turasóireachta agus fáilteachas ar fáil</p> <p>5.2.7 Clár rialta cúrsaí ginearálta i nGaeilge, i gceol tradisiúnta agus in ealaín agus ceardaíocht a chur ar fáil chun cur leis na gníomhaíochtaí turasóireachta.</p>	<p>FAS COAMT</p>			<p>Beidh meas níos mó ag na hoileánaigh ar chultúr agus ar theanga Ghaeilge an oileáin agus bród orthu astu, agus beidh fonn orthu an chuid is fearr a thaispeáint do chuirteoirí.</p>
--	---	----------------------	--	--	--

TÉAMA: 6 FEIRMEOIREACT AGUS IASCAIREACT					
<i>Aidhm</i>	<i>Deiseanna úra iascaireachta agus feirmeoireachta inbhaine a fhorbairt.</i>				
Cuspóirí	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(6.1) Éagsúlú iascaireachta agus ath-thraenáil	6.1.1 Clár traenála d'iascairí ar mian leo éirí as an earnáil sin	Iascairí COAMT FÁS	FAS/UnG	Gearrthéarmach	Éagsúlú agus deiseanna fostaíochta nua a chruthú d'iascairí In earnáil eile
	6.1.2 Cur chun cinn forbairt fiontair dírithe ar earnáil na hiascaireachta, do bharshaothrú san áireamh	Iascairí COAMT FÁS UnG	FAS UnG CnO	Gearrthéarmach/Meantéarmach	
	6.1.3 Éascaíocht ar fhorbairt molta do ché ag Rannagh	Iascairí COAMT CC D na nG	€8m	Gearrthéarmach/Meantéarmach	
(6.2) Éagsúlú talmhaíochta	6.2.1 Táirgeadh organach gairneoireachta a chur chun cinn	COAMT Fiontraithe	UnG CnO	Gearrthéarmach	Leas níos éifeachtaigh a bhaint as talamh, deiseanna gnó agus fostaíochta nua do fheirmeoirí
	6.2.2 Tacaíocht do fhiontair talmhaíochta áitiúla tríd tháirgí le brannda, ina measc caoirigh agus gairneoireacht.			Gearrthéarmach/Meantéarmach	

TÉAMA: 7 TÉAMA FORBARTHA 7.0 ROCHTAIN & CUMARSÁID					
<i>Aidhm</i>	<i>Bonneagar níos sábháilte</i>				
Cuspóirí	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(7.1) Rochtain níos solúbtha	7.1.1 Leathnú ar fhóirdheontais don bhád farantóireachta paisinéirí chomh maith le seirbhís báid farantóireachta níos mó.	Comhlacht Farantóireachta RnG	RnG DCRGA	Gearrthéarmach/ Fadtéarmach	Bonneagar feabhsaithe/ costais laghdaithe
	7.1.2 Cinntiú go mbeidh amanna na seirbhísí farantóireachta solúbtha	COAMT		Gearrthéarmach/ Fadtéarmach	
	7.1.3 Leathanbhanda gan sreanga a fhiosrú don oileán	COAMT		Gearrthéarmach	
	7.1.4 Leanúint le clár feabhsúcháin bóthair	COAMT CC D na nG		Gearrthéarmach/ Fadtéarmach	
	7.1.5 Breis soilse poibí ag úsáid fuinnimh gréine	COAMT CC D na nG		Gearrthéarmach	
7.2 Laghdú ar úsáid fheithiclí ar an oileán	7.2.1 Scéim rothar saor in aisce a bhunú do chuairoteoirí	COAMT	Fiontraithe	Meán/Fadtéarmach	Neamhspleáchas na n-oileánaigh a spreagadh
	7.2.2 Fiosrú a dhéanamh ar úsáid fheithiclí le cumhacht leictreach	COAMT			

TÉAMA: 8 DRAMHAÍL					
<i>Aidhm</i>	<i>Deireadh a chur leis an Dumpáil agus an Timpeallacht a fheabhsú</i>				
Cuspóirí	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(8.1) Laghdú Dramhaíola	<p>8.1.1 Láthair Conláiste Cathartha a fhorbairt d'athchúrsáil, d'earraí teagartha agus d'ábhair chontúirteacha</p> <p>8.1.2 Bailiúchán dramhaíola níos iontaofa a fhorbairt</p> <p>8.1.3 Fiosraigh féidearthacht áthchúrsála dramhaíola ar an oileán m.sh. dromchlá bóthar</p> <p>8.1.4 Oideachas maidir le laghdú dramhaíola do na hoileánaigh</p> <p>8.1.5 Costas réalaíoch do dhiúscairt dramhaíola a chur ar fáil</p> <p>8.1.6 Leanstan ar aghaidh agus cur chun cinn seirbhíse bailiúcháin na Comhairle Contae d'fheithiclí ré-chaite</p> <p>8.1.7 Cur tús le deánamh muiríne sa bhaile nó sa phobal, agus le tartháil bith-gháis fá choinne teasa agus fuinnimh</p> <p>8.1.8 Comhoibriú leis an Chomhairle Contae i gcur i bhfeidhm an Phlean Bainisteoireachta Dramhaíola don Oileán, cur ar fáil meastúcháin costas réalaíocha, agus clár bainistíochta do bhailiúcháin dramhaíola agus seirbhísí láthair conláiste san áireamh.</p>	COAMT CC D na nG	CC D na nG UnG	Gearrthéarmach	<p>Tiocfaidh feabhas ar timpeallacht an oileáin</p> <p>Tuiscint níos fearr ag an phobail ar na himpleachtaí a bhaineann le truailliú & dumpáil mí dleathach</p> <p>Méadú ar athchúrsáil agus laghdú ar dumpáil midleathach</p> <p>Dearcadh dearfach ag turasóirí I leith an oileáin, agus spreagfaidh an timpeallacht iad theacht ar ais chun an oileán</p>

(8.2) Dump ag Loch Soir a dhruid	8.2.1 Glan suas agus druid an Dump ag Loch Soir	COAMT CC D na nG	DCC	Gearrthéarmach	Foinse uisce an oileáin a chosaint Smál ar an tírdhreach glanta suas
(8.3) Timpeallacht fhisiciúil feabhsaithe	<p>8.3.1 Cur chuige neamhfhulaingteach maidir le dumpáil agus scaipeadh bruscair</p> <p>8.3.2 Tabhair faoi Fheachtais Glanta Suas ar an oileán go rialta</p> <p>8.3.3 Deán iarracht marcanna níos fearr a bhaint amach i gComórtas Bailte Sláichtmhara na nOileán</p> <p>8.3.4 Leanstan ar aghaidh agus cur chun cinn seirbhíse bailiúcháin na Comhairle Contae d'fheithiclí ré-chaite</p>	<p>COAMT CC D na nG</p> <p>COAMT CC D na nG</p> <p>COAMT</p> <p>COAMT CC D na nG</p>	<p>CC D na nG</p> <p>Fiontraithe Foinsí príobháideacha</p> <p>CC D na nG</p>	Gearrthéarmach	<p>Oileán níos tarraingtí a chruthú d'oileánaigh agus do chuirteoirí</p> <p>Cuir le saol na n-oileanach</p>

TÉAMA: 9 Tithíocht					
<i>Aidhm</i>	<i>Réimse agus soláthar níos fearr tithíochta</i>				
Cuspóirí	Gníomh	Freagracht	Costaisí agus Foinsí maoinithe	Scála ama	Torthaí a mbeifear ag súil leo
(9.1) Ionad Faoisimh a chur ar fáil	9.1.1 Comhoibriú agus éascaíocht ar amchlár do thógáil an Ionaid Faoisimh	Respond Tony O Gallchóir COAMT	Respond tríd chlár tithíochta náisiúnta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	Gearr théarmach	Beidh daoine áitiúla agus eisimircí in ann cúram a fháil ina gceantair agus ina dtimpeallacht féin nuair atá siad anonn in aois
(9.2) Better Housing	9.2.1 Fiosrú faoi riachtanas breise tithíochta sóisialta agus inacmhainneach	COAMT CC D na nG - Tithíocht	CC D na nG -Tithíocht	Meán téarmach	Beidh líon na dtithe in ann freastal ar riachtanais an phobail
	9.2.2 Athchóiriú ar fhoirgnimh tradisiúnta a spreagadh	CC D na nG-Oidhreacht COAMT	CC D na nG-Ciste Oidhreachta	Gearr/meán téarmach	Cosaint agus feabhas ar oidhreacht thógtha an oileáin

AGUISÍN

A1 COMHAIRLIÚCHÁIN

Mr. Liam Mc Carron
Executive Officer
Environment Section
Donegal County Council
Lifford
Co. Donegal

Tony Gallagher
Leabgarrow
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Mr. David Friel
Waste Recycling Officer
Donegal County Council
County House
Lifford
Co. Donegal

Paul McGill
Housing Area Manager
Donegal County Council
Gweedore Road
Dungloe
Co. Donegal

Mr. Pearce Buss
Litter Warden
Donegal County Council
County House
Lifford
Co. Donegal

The Heritage Council
Rothe House
Kilkenny

Suzanne Tinney
Waste Awareness Officer
Donegal County Council
County House
Lifford
Co. Donegal

Joseph Gallagher
Heritage Officer
County Donegal Heritage Office
Donegal County Council
Lifford
County Donegal

Mr. John Gallagher (Acting), Senior
Executive Engineer
Glenties Public Service Centre –
Water and Environment Services
Donegal County Council
Gweedore Road
Co. Donegal

John Farren
Island Strategy Officer
Donegal County Council
Dungloe
Co. Donegal

EPA Headquarters
PO Box 3000
Johnstown Castle Estate
Co. Wexford

Séamus Ó' Cnámhsí
Community Centre Committee
Comharchumann Forbartha &
Fostaíochta Árainn Mhór
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

EPA Regional Inspectorate -
Monaghan
The Glen
Monaghan

Ms Terre Duffy
Public Art Manager
County Library
Rosemount, Letterkenny
Co. Donegal

Michelle Ní Cholla, Príomhoide,
Scoil 1
National School
Leaghbarow
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Marian Uí Chuinn, Príomhoide,
Scoil 2
National school
Aphort
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Donna Quinn
Donegal County Council
Library Services to Rural Areas
dquinn@donegalcoco.ie

Árainn Mhór Ferry
Annie Bonner
Leabgarrow,
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Seamus Boyle
Árainn Mhór Charters
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Pauline Comack
Secondary School Principle
Secondary School
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Seán Ó Longáin
Chief Executive Officer
Donegal VEC
Ard O' Donnell
Letterkenny
Co. Donegal

Séamus Ó' Cnámhsí
Taisce Árainn Teoranta
Árainn Mhó,
Contae Dhún na nGall

Caitlín Ní Chochláin
Irish Language Officer
Donegal County Council
Letterkenny Public Services Centre
Letterkenny
Co. Donegal

Seán Ó Daimhín
Oifigeach Forbartha Gaeilge
Áras an Chontae,
Comhairle Contae Dhún na nGall,
Leifear
Contae Dhún na nGall

Islands Tourism
Fáilte Ireland
Baggot Street Bridge,
Dublin 2

Jeremy Smith
Walking and Trails Development
Officer
Donegal County Council
jsmith@donegalcoco.ie

Deirdre McMenamin
LID Architecture
Thorn Road, Letterkenny, Co.
Donegal

Regional Tourism Board
North West Tourism
Aras Reddan
Temple Street
Sligo

Donegal Tourism
Letterkenny Tourist Office
Letterkenny
Co. Donegal

Gerry Forrest
Árainn Mhór Brewing Company
Árainn Mhór Island
Burtonport
County Donegal

Ferryboat Restaurant and B&B
Annie Bonner
Leabgarrow,
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Jerry & Pat Early
Leabgarrow
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Phil Bain's shop
Leabgarrow
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Philip & Ann Marie Boyle
Leabgarrow
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Madge Boyle B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

John Neily Boyle
Leabgarrow
Árainn Mhór Island

Bernadette & Tony Cox
Ocean View - B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Neily and Mary Gallagher
Ballintra
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Sharon O'Donnell
O'Donnell's - B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Thomas and Marina Boyle
Leabgarrow
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Claire's B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Árainn Mhór Island Hostel
Paul & Suzanne Mulvey
Leabgarrow,
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Conlan's B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Glen Hotel
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Annabella Gallagher
Annabellas B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Árainn Mhór House Hotel
Plohogue
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Annie Pearse
B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Mary Lynch
B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

BIM Head Office
P.O. Box 12,
Crofton Road,
Dun Laoghaire,
Co. Dublin

Peggy Byrne
B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Brian Cullan
Executive Technician
Marine Service
Donegal County Council
Lifford
Co. Donegal

Grace Boyle
B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Marine Institute Headquarters
Rinville
Oranmore
Co. Galway

McCafferty's B&B
B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Sustainable Energy Ireland
Head Office
Glasnevin
Dublin 9

Chris McHugh
B&B
Árainn Mhór Island,
Co. Donegal

Sustainable Energy Ireland
Sligo Regional Office
Finisklin Business Park Sligo

Fiona Boner
Light House Accomodation on Árainn
Mhór Island
36 Glencar Park
Letterkenny Co. Donegal

DEAT - Donegal Energy Action Team
Station Island
Lifford, Co Donegal

FAS
Gaoth Dobhair Na Diore Beaga
Training Centre
Leitirceanainn
Co. Dhun na nGall

Mr Donal Carey
Director of Training and Development
Services:
Teagasc
Oak Park
Carlow

Mr. Charles Sweeney
Community and Enterprise
Administrative Officer:
Dungloe Public Service Centre –
Community and Enterprise
Gweedore Road Dungloe
Co. Donegal

Bord Bia
Dublin Head Office
Clanwilliam Court
Lower Mount Street
Dublin 2

Eugene McGovern
Superintendent
An Garda Síochána
Oifig an Cheannfoirt
Na Gleanntaí
Condae Dhún na nGall

Majella Ní Chríocháin
Bainisteoir/Manager
Comhdháil Oileáin na hÉireann
Inis Oírr Árann
Co. na Gaillimhe

Eileen M Gallagher
HSE NWA
Primary Care Development Unit
Millennium Court
Pearse Road
Letterkenny
Co. Donegal

Micheál Mac Giolla Easbiug
Údarás na Gaeltachta,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Na Doirí Beaga,
Co. Dhún na nGall.

Eithne Nic Lochlainn
MFG Tír Chonaill
Na Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Tír Chonaill

Cathal Mac Suibhne
Údarás na Gaeltachta,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Na Doirí Beaga,
Co. Dhún na nGall.

Gráinne Ní Challchóir
Roinn na Gaeltachta
Na Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall

Father John Joe Duffy
St. Cronas Chruch
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Diarmuid Ó Mórda
Roinn na Gaeltachta
Na Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall

Mary Lynch, Nora Flanagan, Mary
Bonner, Bridge Duffy
Women's Group
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Health Centre
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

Fisherman's Committee
Mikey Gallagher
Plogoghue
Árainn Mhór Island
Co. Donegal

A2 FOINSÍ EOLAIS ROGHNAITHE

Bunaíodh inneachar agus moltaí an Phlean seo ar thorthaí suirbhéanna, staidéir, tuarascálacha agus freastal ar sheimineáir éagsúla agus tá na tagairtí liostaithe thíos.

- Plean Forbartha Intreach agus Suirbhé Socheacnamaíoch Árinn Mhóir, 1993
- Gary Lewis Co-operatives In Rural renewal: the Case of Arranmore, Ireland
- Staidéar ar Fhorbairt Oileán Árinn Mhór, Co Dhún na nGall: Aibreán go Lúnasa 2005. Tráchtas Máistreachta, Mac Léinn as an Fhrainc.
- Creatlach Straitéiseach d'Fhorbairt Oileán na hÉireann, 1996, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Canavan Associates - Tuarascáil freastail ar sheimineár oiliúna de chuid LEADER+, *Fuinneamh In-athnuaithe do Phobail Oileán*, Iontaobhas Fuinnimh Íle, Alba, 2 – 6 Deireadh Fómhair 2006
- Canavan Associates - Tuarascáil freastail ag Comhdháil ar Thurasóireacht Inbhuaine, Gréasán na nOileán Beag Eorpach, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, 12-13 Deireadh Fómhair 2006